
Garda Ombudsman

INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

GARDA SÍOCHÁNA OMBUDSMAN COMMISSION

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL: 2014



# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

## AN 9Ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

### CLÁR ÁBHAR


Achoimre Fheidhmeach . . . . . 5
Réamhrá. . . . . 7

**RANNÁN 1: GEARÁIN . . . . . 9**

Cairt 1. Cúinsí taobh thiar de na gearáin . . . . . 10
Cairt 2. Cineálacha líomhna . . . . . 10
Léarscáil 1. Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh . . . . . 11
Léarscáil 2. Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) . . . . . 11
Gearáin neamh-inghlactha . . . . . 12
Cairt 3. Cinntí maidir le hinghlacthacht . . . . . 13
Cairt 4. Cúiseanna le neamh-inghlacthacht . . . . . 13
Gearáin inghlactha: na cineálacha imscrúdaithe a tionscnaíodh . . . . . 14
Cairt 5. Imscrúduithe a osclaíodh de réir cineáil . . . . . 14
Tábla 1. Torthaí na ngearán a dúnadh in 2014. . . . . 16

**RANNÁN 2: IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL . . . . . 18**

**RANNÁN 3: SCRÚDUITHE AR CHLEACHTAS, AR BHEARTAS AGUS AR NÓS IMEACHTA . . . . . 20**

**RANNÁN 4: IMSCRÚDUITHE NEAMHSPLEÁCHA A THÁINIG AS TARCHUR AG AN NGARDA SÍOCHÁNA . . . . . 21**

Léarscáil 3. Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh . . . . . 21
Léarscáil 4. Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) . . . . . 22
Cairt 6. Cúinsí taobh thiar de na tarchuir . . . . . 22
Tábla 2. Na cineálacha imscrúdaithe a rinneadh agus an toradh a bhí orthu . . . . . 23

**RANNÁN 5: ÉIFEACHTÚLACHT NA N-IMSCRÚDUITHE A FHEABHSÚ . . . . . 24**

An t-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh de réir cineáil . . . . . 24
Cairt 7. An meán-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh de réir cineáil . . . . . 25
Tionscnaimh atá ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar an am a thógtar chun imscrúduithe a dhúnadh . . . . . 25

**RANNÁN 6: EOLAS A THABHAIRT D'FHORBAIRT BEARTAIS AGUS DO CHLEACHTAS PÓILÍNEACHTA. . . . . 28**

Tábla 3. Tuairimí ar tarraingíodh aird an Gharda Síochána orthu in 2014 . . . . . 28

**RANNÁN 7: SOLÁTHAR FOIRNE . . . . . . . . . . 36**
Cairt 8. Leithdháileadh acmhainní daonna agus struchtúr eagrúcháin . . . . . 36

Conclúid . . . . . . . . . . 37

**AGUISÍN 1. PRÓIFÍL NA NDAOINE A RINNE GEARÁN IN 2014 . . . . . 38**
Cairt 9. Inscne . . . . . 38
Cairt 10. Aois . . . . . 38
Cairt 11. Náisiúntacht . . . . . 39
Cairt 12. Eitneacht . . . . . 39
Cairt 13. Céadteanga . . . . . 39
Cairt 14. Stádas sláinte/míchumais . . . . . 40
Cairt 15. Reiligiún . . . . . 40
Cairt 16. Stád as tithíochta . . . . . 40
Cairt 17. Leibhéal oideachais . . . . . 41
Cairt 18. Stádas fostaíochta . . . . . 41
Cairt 19. An áit ar chuala gearánaigh faoi COGS . . . . . 41

**AGUISÍN 2. PRÓIFÍL NA NGARDAÍ A NDEARNADH GEARÁIN FÚTHU IN 2014 . . . . . 42**
Cairt 20. Céim . . . . . 42
Cairt 21. Inscne . . . . . 42

**AGUISÍN 3. CAITEACHAS 2014 . . . . . 43**

**AGUISÍN 4. OILIÚINT AGUS FORBAIRT 2014 . . . . . 44**

**AGUISÍN 5. RÁITEAS AN CHOIMISIÚIN TAR ÉIS TUARASCÁIL COOKE A FHOILSIÚ . . . . . 45**

**AGUISÍN 6. RÁITEAS AN CHOIMISIÚIN TAR ÉIS FIOSRÚCHÁN CONNAUGHTON A CHUR I GCRÍCH . . . . . 46**

**AGUISÍN 7. RÁITEAS AN CHOIMISIÚIN TAR ÉIS TUARASCÁIL GUERIN A FHOILSIÚ . . . . . 47**

***Tabhair faoi deara:*** *Ar fud na Tuarascála seo,*

- *gairtear "an tAcht" d'Acht an Gharda Síochána 2005.*
- *gairtear "na Rialacháin Araíonachta" de Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007.*
- *gairtear "na Prótacail" den Mheabhrán Tuisceana, Prótacail agus Comhaontú ar Chúrsaí Oibríochtúla idir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an Garda Síochána (23 Meán Fómhair 2013).*

# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Déantar achoimre i Réamhrá na tuarascála seo ar roinnt ábhar a bhí ann sa bhliain 2014, a raibh baint dhíreach nó indíreach ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (COGS) leo, agus a bhí ina n-ábhar do thráchtaireacht shuntasach pholaitiúil agus sna meáin.

I measc mórimeachtaí eile a chuaigh i bhfeidhm, agus a leanfaidh ag cur i bhfeidhm, ar oibríochtaí COGS in 2014, bhí na gníomhaíochtaí a bhain le leasuithe a bhí á ndéanamh ar an reachtaíocht maidir le maoirseacht ar an nGarda Síochána. Foilsíodh dhá cheann de Bhillí an Gharda Síochána (Leasú) le linn na bliana, billí lena ndéanfar roinnt athruithe ar an bpríomh-Acht lena rialaítear gníomhaíochtaí COGS. Tá dóchas ag an gCoimisiún go sonraíonn sé sin tús le sraith athruithe a chuirfear ar a chumas a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí. Ina theannta sin, achtaíodh an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i mí Iúil, rud lena gcumasaítear do bhaill reatha den Gharda Síochána nochtadh a dhéanamh do COGS.

Beag beann ar na himeachtaí agus ar na forbairtí thuasluaite, bhain an eagraíocht roinnt móréachtaí oibriúcháin amach in 2014. Sa chéad cheithre rannán den Tuarascáil seo, tugtar sonraí faoi oibríochtaí a bhaineann le ceithre phríomhréimse freagrachta COGS, is iad sin:



1. **Déileáil le gearáin a bhaineann le hiompar gardaí.**
   Sa bhliain 2014, láimhseáladh 7,157 glao teileafóin agus 627 cuairt ar an oifig phoiblí; is é an toradh a bhí orthu sin gur osclaíodh 2,242 gearán foirmiúil (méadú 11% ar an bhfigiúr don bhliain roimhe), ina raibh 5,124 líomhain maidir le mí-iompar gardaí. Ba iad mí-úsáid údaráis agus faillí i ndualgas na cúrsaí ba choitianta a ndearnadh gearán fúthu. Tar éis Réigiúin Chathrach Bhaile Átha Cliath, ba iad na Rannáin de chuid an Gharda Síochána i Luimneach, i gCathair Chorcaí, sa Chabhán/Muineachán agus i nGaillimh na rannáin a ndearnadh an líon ba mhó líomhaintí fúthu. Dúnadh 2,176 gearán agus liostaítear agus mínítear na torthaí a bhí orthu.

2. **Imscrúdú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le hiompar gardaí nuair is chun leas an phobail é sin a dhéanamh, fiú amháin i gcásanna nach bhfuarthas gearán iontu.**
   Osclaíodh ceithre imscrúdú chun leas an phobail in 2014, ar bhain dhá cheann díobh le líomhaintí maidir le Córas Pionóis na Muirear Seasta. Bhí gach ceann de na himscrúduithe sin fós ar siúl ag an 31 Nollaig 2014. Ina theannta sin, bhí cúig imscrúdú chun leas an phobail ar bun ag COGS cheana féin ag tús na bliana 2014 – críochnaíodh ceann amháin le linn na bliana agus bhí dhá cheann eile beagnach críochnaithe ag deireadh na bliana.

3. **Scrúdú a dhéanamh ar "cleachtas, beartas nó nós imeachta" ar bith de chuid an Gharda Síochána.**
   Ar iarraidh ón Aire, cuireadh tús le scrúdú amháin den sórt sin le linn na bliana, rud a bhain leis an dóigh a gcaitear le daoine a n-athchuireann an chúirt faoi choimeád iad. Bhí sé beagnach críochnaithe ag deireadh na bliana.

4. **Imscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh, tar éis tarchuir ag an nGarda Síochána, i gcásanna inar cosúil go raibh iompar garda ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine.**
   Fuarthas 60 tarchur in 2014, ar bhain 14 cheann díobh le básanna. Ba iad póilíneacht ar bhóithre agus gabháil na cúinsí ba choitianta taobh thiar de tharchuir den sórt sin. Tar éis Réigiúin Chathrach Bhaile Átha Cliath, ba iad na rannáin de chuid an Gharda Síochána i Luimneach, i nGaillimh, i bPort Láirge agus i Lú na rannáin óna ndearnadh an líon ba mhó tarchur. Dúnadh 56 imscrúdú den sórt sin le linn na bliana. Bhíothas in ann leath díobh a dhúnadh go measartha tapa toisc gur léirigh an scrúdú neamhspleách tosaigh nach raibh aon fhianaise ann ar mhí-iompar ná ar choiriúlacht ar thaobh garda. Rinneadh imscrúduithe iomlána ar na cásanna eile agus liostaítear agus mínítear na torthaí a bhí orthu.

Léirítear i Rannán 5 an meán-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh de réir cineáil in 2014 agus mínítear ann na tionscnaimh a rinneadh le linn na bliana chun laghdú a dhéanamh ar an am a thógtar chun imscrúduithe a dhúnadh. Bhí laghdú ann ar an am a tógadh chun imscrúduithe coiriúla agus imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a dhúnadh; i gcodarsnacht leis sin, bhí méadú ann ar an am a tógadh chun cásanna réitigh neamhfhoirmiúil, cásanna araíonachta gan mhaoirseacht agus cásanna araíonachta COGS a dhúnadh. Baineadh na feabhsuithe ba shuntasaí ó thaobh éifeachtúlachta de amach mar gheall ar phróiseas rialú cáilíochta a chur chun feidhme le haghaidh imscrúduithe coiriúla agus mar gheall ar an méadú soiléir a bhí ann ar chomhlíonadh na bPrótacal agus faisnéis á cur ar fáil ag an nGarda Síochána. Creideann an Coimisiún gur bunchlocha den scoth iad na feabhsuithe sin do mhórfheabhsuithe eile a bhaint amach in 2015.

Liostaítear i Rannán 6 na tuairimí a cuireadh in iúl don Gharda Síochána le linn na bliana i gcásanna inar tháinig saincheisteanna sistéamacha chun solais le linn imscrúduithe. Cuireadh 28 ceann de thuairimí, nó de mholtaí, in iúl in 2014, agus é mar aidhm leo líon na ngearán den chineál céanna a laghdú, nó deireadh a chur leo, amach anseo. Tá freagraí tugtha ag an nGarda Síochána cheana féin ar na bearta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna sin. Áirítear na freagraí sin sa rannán.

Sa rannán deiridh, cuirtear síos ar an struchtúr eagrúcháin agus ar an leithdháileadh acmhainní daonna in 2014. Cé go bhfuil líon foirne ceadaithe de 86 ball foirne ag COGS, bhí 74 ball foirne aige ag an 31 Nollaig 2014 de bharr dúshlán a bhain le hearcaíocht chun na státseirbhíse. D'fhonn go mbeimid in ann an cuspóir atá againn maidir le héifeachtúlacht eagrúcháin a fheabhsú a bhaint amach, agus d'fhonn freastal ar fheidhmeanna nua na heagraíochta, beidh sé ríthábhachtach do Choimisiún an Ombudsman aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí acmhainní daonna in 2015.

# RÉAMHRÁ

Ba í an bhliain 2014 an bhliain ba shuaite a bhí ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ó bunaíodh é, agus tráchtaireacht pholaitiúil agus tráchtaireacht sna meáin araon ann le linn na bliana.

An 9 Feabhra, foilsíodh alt i nuachtán Domhnaigh a bhain le himscrúdú, ar tugadh faoi ag deireadh na bliana 2013, ar an bhféidearthacht gur cuireadh ceanncheathrú Choimisiún an Ombudsman ar Shráid na Mainistreach, Baile Átha Cliath 1, faoi réir faireachas neamhdhleathach. Tháinig tráchtaireacht fhairsing sna meáin agus spéis fhairsing pholaitiúil sna sála air sin agus pléadh roinnt saincheisteanna conspóideacha go poiblí lena linn. Áiríodh leo sin ceisteanna maidir le cé acu a bhí nó nach raibh oifigí an Choimisiúin faoi réir 'cluasaíochta'; an bonn a bhí ag an gCoimisiún le hamhras den sórt sin; an tús le cuardach slándála agus le himscrúdú ina dhiaidh sin; an dualgas a bhí ar an gCoimisiún maidir le fógra a thabhairt do pháirtithe áirithe, go háirithe an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Rinneadh grinndíospóireacht phoiblí ar na hábhair sin agus ar ábhair ghaolmhara eile, lenar áiríodh san Oireachtas, ina dhiaidh sin. Tháinig an Coimisiún os comhair Chomhchoiste an Oireachtais um Maoirseacht na Seirbhíse Poiblí agus Achainíocha an 12 Feabhra.

Tháinig méid suntasach imní poiblí chun cinn as an gconspóid agus, dá bharr sin, rinne an t-iarBhreitheamh John Cooke 'Fiosrúchán ar Thuairiscí ar Fhaireachas Neamhdhleathach ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána', arbh fhiosrúchán neamhreachtúil é, a chur ar bun ar deireadh an 19 Feabhra. Foilsíodh tuarascáil an Bhreithimh Cooke an 4 Meitheamh[1]. D'fhoilsigh an Coimisiún ráiteas poiblí gaolmhar an 11 Meitheamh[2] (féach an nasc thíos nó Aguisín 5).

Bhí imní ar Choimisiún an Ombudsman faoina slándáil inmheánach féin i dtaca leis an bhfaisnéis ar chosúil gur scaoileadh í don nuachtán Domhnaigh lena mbaineann. Stiúir an tUas. Mark Connaughton SC fiosrúchán inmheánach chun a fháil amach cé acu a scaoileadh nó nár scaoileadh faisnéis faoi rún ó laistigh de COGS. Tar éis dó tuarascáil an Fhiosrúcháin a fháil, chuir an Coimisiún í faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus d'eisigh sé ráiteas poiblí an 10 Meán Fómhair[3] (féach an nasc thíos nó Aguisín 6). D'fhoilsigh an Coimisiún leagan leasaithe den tuarascáil an 24 Meán Fómhair.[4]

Ba i gcomhthráth leis an díospóireacht phoiblí ar shaincheist na 'sceithirí' sa Gharda Síochána a tharla an chonspóid a bhain leis na líomhaintí maidir le faireachas neamhdhleathach. Ní raibh baint dhíreach ag Coimisiún an Ombudsman leis an díospóireacht sin. Chuir an rialtas Fiosrúchán neamhreachtúil ar bun. D'iarr an Fiosrúchán ar an gCoimisiún ábhar iomchuí a chur ar fáil, rud a bhain le comhaid imscrúdaithe ar leith a osclaíodh tar éis gearán ó dhaoine den phobal. Lorg an Coimisiún dearbhú ón bhFiosrúchán i ndáil le príobháideacht na sonraí a chosaint. Luaigh an Fiosrúchán gur cuireadh an tsaincheist sin in iúl rómhall agus, dá bhrí sin, nach mbeadh sé in ann aghaidh a thabhairt uirthi. Níor cuireadh an t-ábhar ar fáil dá bharr. In éineacht le litir ón bhFiosrúchán chuig Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh, rinneadh tuarascáil an Fhiosrúcháin, ar ar tugadh Tuarascáil Guerin, a fhoilsiú an 6 Bealtaine ar shuíomh Gréasáin an rialtais[5], áit ar leagadh amach – i measc nithe eile – tuairim an Fhiosrúcháin ar an idirghníomhaíocht le Coimisiún an Ombudsman. D'eisigh an Coimisiún ráiteas an 9 Bealtaine, ag teacht sna sála ar fhoilsiú na Tuarascála agus na litreach a bhí ag gabháil léi[6] (féach an nasc thíos nó Aguisín 7).

D'éirigh Alan Shatter TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus Martin Callinan, Coimisinéir an Gharda Síochána, as oifig ina dhiaidh sin. Tháinig Coimisiún an Ombudsman le chéile le Frances Fitzgerald TD, an tAire nua Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus le Nóirín O'Sullivan, Coimisinéir Gníomhach an Gharda Síochána ag an am. Ag na cruinnithe sin, d'fhéach an Coimisiún le dul chun cinn a dhéanamh ar chaidreamh oibre níos éifeachtaí a bhaint amach, agus béim á leagan aige ar an ngá a bhí ann le hathchóiriú agus le hathrú reachtach ag an am céanna.

---

1 http://gardaombudsman.ie/docs/press/20140611CookeReport.pdf

2 http://gardaombudsman.ie/mediaroom/20140611PR.html

3 http://gardaombudsman.ie/mediaroom/20140910PR.html

4 http://gardaombudsman.ie/docs/publications/ConnaughtonInvestigation.pdf

5 http://taoiseach.gov.ie/eng/News/Government_Press_Releases/Government_Publishes_Guerin_Report.html

6 http://gardaombudsman.ie/mediaroom/20140509PR.html

Bhí díospóireacht ann le linn an Earraigh, an tSamhraidh agus an Fhómhair maidir le hathchóiriú san earnáil dlí agus cirt, go háirithe maidir le hábhair phóilíneachta. Rinne an Coimisiún rannchuidiú maidir leis an obair sin trí mholtaí a bhain le hathrú reachtach a chur isteach mar fhreagairt do chuireadh ón gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas[7]. Tháinig an Coimisiún os comhair an Choiste an 14 Bealtaine chun na moltaí sin a phlé go mion. Chomh maith leis sin, ghlac an Coimisiún páirt sa Seimineár ar Athchóiriú Dlí agus Cirt a d'óstáil an tAire Fitzgerald i mí an Mheithimh agus chuir an grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách faoi agallamh é dá thuarascáil ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Rinneadh an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 a achtú an 15 Iúil. Leis an Acht sin, cumasaítear do bhaill reatha den Gharda Síochána nochtadh a dhéanamh do COGS. Sa bhliain 2014, fuair COGS trí nochtadh den sórt sin agus chuir sé tús le iad a phróiseáil.

An 20 Lúnasa, chuir an Coimisiún fáilte roimh fhoilsiú Bhille an Gharda Síochána (Leasú) (Uimh. 3) 2014 ag an Aire Fitzgerald[8]. Ba é an aidhm a bhí leis an mBille Acht an Gharda Síochána 2005 agus reachtaíocht ábhartha eile a leasú agus a nuashonrú trí na príomhchuspóirí seo a leanas a chur ar áireamh iontu:

- Coimisinéir an Gharda Síochána a thabhairt faoi shainchúram COGS den chéad uair riamh;
- leathnú a dhéanamh ar na cumhachtaí atá ag COGS maidir le himscrúduithe coiriúla;
- a chinntiú go gcuireann an Garda Síochána faisnéis atá á lorg ag COGS le haghaidh imscrúdaithe ar fáil a luaithe is féidir; agus
- uathriail mhéadaithe a thabhairt do COGS agus scrúdú á dhéanamh aige ar chleachtais, ar bheartais agus ar nósanna imeachta de chuid an Gharda Síochána.

An 7 Samhain, chuir an Coimisiún fáilte freisin roimh fhoilsiú Scéim Ghinearálta Bhille an Gharda Síochána (Leasú) 2014 ag an Aire Fitzgerald, rud lena bhforáiltear d'Údarás Póilíneachta neamhspleách nua a chur ar bun. Lean an Coimisiún de bheith ag cur le dearadh an chláir um athchóiriú reachtach le linn na bliana, agus é ag teacht le chéile leis an Aire ag deireadh mhí na Samhna. Tá an Coimisiún fós den tuairim gur fearr freagairt bhainistíochta ná freagairt araíonachta a úsáid chun déileáil le gearáin áirithe, go háirithe iad sin a bhaineann go príomha le cáilíocht seirbhísí poiblí. Chomh maith leis sin, laghdódh cur chuige den sórt sin an líon gearán a ndéantar imscrúdú orthu faoi na Rialacháin Araíonachta, rud atá an-dian ar acmhainní. Bhí díospóireacht fós ar siúl ina leith sin ag deireadh na bliana 2014.

Fianaise ar dhíograis agus ar chrua-obair na foirne in COGS gur éirigh leis an eagraíocht roinnt éachtaí suntasacha a bhaint amach in 2014 beag beann ar an gconspóid ar fad a bhí ann. Tugtar sonraí iomlána faoi na héachtaí sin sa tuarascáil seo:

I gcomparáid leis an mbliain roimhe (ina raibh líon na ngearán 11% ní b'airde), bhí méadú 8% ann in 2014 ar líon na n-imscrúduithe a dhúnamar agus a tháinig as gearáin. Chomh maith leis sin, chuireamar tús le ceithre imscrúdú chun leas an phobail agus le scrúdú ar chleachtas, ar bheartas agus ar nós imeachta an Gharda Síochána ar iarraidh ón Aire. Dhúnamar 56 imscrúdú eile a tháinig as tarchuir.

Laghdaíomar an meán-am a tógadh chun imscrúduithe coiriúla agus imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chríochnú. Baineadh an méid sin amach in ainneoin an iliomaid folúntas a bhí ann sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí ar feadh fhormhór na bliana, go háirithe na folúntais a bhí ann i dtrí cinn de na hocht ról mar Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe.

D'fhorbraíomar roinnt tionscnamh, agus roinnt acu á bhforbairt i gcomhar leis an nGarda Síochána, agus é mar chuspóir leo laghdú a dhéanamh ar an tréimhse ama inar féidir cásanna a phróiseáil agus a chríochnú. Tá torthaí dearfacha bainte amach ina leith sin agus tá súil againn go leanfaidh siad le dea-thorthaí a bhaint amach thar an gcéad bhliain eile.

Ina theannta sin, chuireamar 28 moladh faoi bhráid an Gharda Síochána, agus iad ag baint le saincheisteanna a tháinig chun solais le linn imscrúduithe. Tá súil againn go dtabharfaidh siad sin eolas d'fhorbairt beartais agus do chleachtas póilíneachta, rud a chabhróidh le laghdú a dhéanamh ar an líon gearán a dhéantar faoi ghardaí agus a chabhróidh le seirbhís póilíneachta ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal.

7 http://www.gardaombudsman.ie/docs/publications/20140417_SubmissionOnLegislation.pdf

8 http://gardaombudsman.ie/mediaroom/20140820PR.html

# RANNÁN 1: GEARÁIN

## Is iad GLAONNA, CUAIRTEANNA AGUS COMHFHREAGRAS tús an phróisis

Sa bhliain 2014, cuireadh **7,157 glao teileafóin** ar uimhir íosghlao COGS, agus iad á bhfreagairt ag Cásoibrithe.

Freagraíodh 99% de na glaonna a fuarthas laistigh de 60 soicind.

Buaileadh le **627 duine** inár n-oifig phoiblí freisin.

## Osclaíodh sciar díobh sin mar CHEISTEANNA

Sa bhliain 2014, osclaíodh **3,332** ceann díobh sin mar "ceisteanna" ar dtús inár gcóras cásanna.

A luaithe a fhaightear faisnéis dhóthanach, déantar stádas na ceiste a uasghrádú láithreach ina ghearán foirmiúil.


## Déantar GEARÁIN de sciar díobh sin

Osclaíodh **2,242** gearán sa bhliain 2014 – rud ar mhéadú 11% é ar an bhfigiúr don bhliain roimhe.

Bhí **5,124 líomhain** ann laistigh de na gearáin sin (toisc gur féidir roinnt líomhaintí éagsúla a bheith ann i ngearán amháin).

Féach próifílí na ndaoine a rinne gearáin agus na gardaí a ndearnadh gearán fúthu sna hAguisíní.


*Cairt 1. Cúinsí taobh thiar de na Gearáin*





## Cad iad na nithe a ndéanann daoine gearán fúthu?

- **Mí-Úsáid Údaráis** – is iad úsáid iomarcach fornirt agus treoir chun rud éigin a measann an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nach raibh údarás ag an ngarda é a éileamh na príomhchineálacha líomhna atá catagóirithe mar 'mí-úsáid údaráis'.
- **Faillí i nDualgas** – gnáthshamplaí de 'faillí i ndualgas' is ea líomhaintí gur theip ar gharda gníomh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta a dhéanamh – mar shampla, gan glao teileafóin a chur ar ais ar dhuine ag taobh amháin den scála agus coir thromchúiseach líomhnaithe a imscrúdú mar is ceart ag an taobh eile.
- **Cionta Coiriúla** – gnáthshampla de chion coiriúil is ea líomhain maidir le hionsaí.
- **Míchúirtéis** – gearáin a bhaineann leis an dóigh ar labhair nó ar chaith garda le duine.


*Cairt 2. Cineálacha Líomhna*



*Léarscáil 1. Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána — gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh*




*Léarscáil 2. Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána — Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)*



### Déantar gearáin a mheas maidir lena INGHLACTHA atá siad

Déantar gearáin a fhaightear a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a ghlacadh lena n-imscrúdú.

Amhail deireadh na bliana, bhí 74 cás ann a bhí ar oscailt agus tarraingthe siar sula ndearnadh cinneadh ar a inghlactha atá siad nó ar feitheamh cinnidh ar a inghlactha atá siad.

### Is NEAMH-INGHLACTHA atá gearáin áirithe

**Sa bhliain 2014, ba neamh-inghlactha a bhí 911 ceann de na gearáin a fuarthas.** Léirítear i gCairt 3 thíos na cúiseanna leis sin.

**Ba í an chúis ba choitianta – a tugadh i 597 cás – ná nach mbeadh an t-iompar líomhnaithe ina shárú ar na Rialacháin Araíonachta fiú amháin dá gcruthófaí é.** Baineann sé sin le cásanna ina gcreideann an duine a bhfuil gearán á dhéanamh aige go raibh rud á dhéanamh ag an ngarda nach raibh cead aige/aici é a dhéanamh, cé go dtarlaíonn sé go raibh an cead sin aige/aici. Samplaí coitianta de sin is ea gearáin ó dhaoine a fuair pointí pionóis nó fíneálacha páirceála: cé go bhféadfadh go mbeadh forais acu chun agóid a dhéanamh ina n-aghaidh, ní hé COGS an comhlacht iomchuí chun déileáil le hargóintí den sórt sin toisc nach gá go ndearna an garda a chuir an smachtbhanna i bhfeidhm sárú araíonachta agus é sin á dhéanamh aige/aici.

**Ba é an dara cúis ba choitianta le gan gearán a ghlacadh lena imscrúdú ná go bhfuarthas an gearán ní ba mhó ná 6 mhí tar éis dháta an iompair as ar tháinig an gearán** – is é sin an teorainn ama a fhoráiltear le halt 84 den Acht. Sa bhliain 2014, cinneadh **232 gearán** a bheith neamh-inghlactha ar an gcúis sin.

Mar sin féin, tugtar leis an reachtaíocht rogha do COGS gearán a fuarthas lasmuigh den teorainn ama a ghlacadh i gcásanna ina measann sé go bhfuil dea-chúiseanna ann le déanamh amhlaidh. **Sa bhliain 2014, ghlac COGS 42 gearán 'as am' i gcásanna inar measadh go raibh dea-chúis ann leis an gcás a ghlacadh** (tá beartas inmheánach agus treoirlínte inmheánacha ag COGS maidir le cinntí den sórt sin).

#### Gearáin 'as am' a ghlacadh le dea-chúis

Thar an tréimhse cúig bliana ó 2010 go 2014, chinn Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána go raibh dea-chúis ann le thart ar 12% de ghearáin a bhí 'as am' gach bliain a ghlacadh.

Tá sé soiléir go bhfuil gá praiticiúil le teorainn ama. Is amhlaidh sin mar gurbh fhéidir go mbeadh sé níos deacra, ag brath ar chineál an cheana líomhnaithe, fianaise a chaomhnú, finnéithe féideartha a aimsiú, ráitis bheachta a fháil, etc., agus tríd sin, imscrúdú éifeachtach a dhéanamh de réir mar a mhéadaíonn an tréimhse ama idir an teagmhas líomhnaithe agus déanamh an ghearáin agus aon imscrúdú ina dhiaidh sin.


Mar sin féin, measann Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána gurb é atá sa lánrogha thuas chun gearán a ghlacadh i gcásanna cuí, cé go bhfuil sé 'as am', ná cosaint an-tábhachtach sa phróiseas maoirseachta.

Le linn na bliana 2014, foilsíodh Bille an Gharda Síochána (Leasú) (Uimh. 3). Áiríodh leis foráil chun an teorainn ama le haghaidh gearáin a dhéanamh a shíneadh go 12 mhí.


**Is INGHLACTHA atá gearáin áirithe agus déantar IMSCRÚDÚ orthu ansin**
(féach an chéad leathanach eile)



*Cairt 3. Cinntí maidir le hInghlacthacht*




*Cairt 4. Cúiseanna le Neamh-Inghlacthacht*




## Is INGHLACTHA atá gearáin áirithe agus déantar IMSCRÚDÚ orthu ansin

**Bhí líomhain amháin ar a laghad ann i 1,257 cás. Mar sin, glacadh iad lena n-imscrúdú agus déileáladh leo ar cheann amháin de chúig bhealach:**

### Imscrúduithe coiriúla

**Imscrúdú coiriúil ag COGS** (dá bhforáiltear le halt 98 den Acht) – Is iad imscrúdaitheoirí an Gharda Síochána féin a dhéanann imscrúdú ar gach líomhain maidir le cionta coiriúla (mar shampla, ionsaí) ag gardaí. **Osclaíodh 436 imscrúdú coiriúil in 2014.**

*Cairt 5. Imscrúduithe a Osclaíodh de réir Cineáil*




Ba ar níos mó ná bealach amháin a déileáladh le sciar beag de chásanna – mar shampla, féachtar ar roinnt díobh mar chásanna réitigh neamhfhoirmiúil nó mar imscrúduithe coiriúla ar dtús ach, tar éis imscrúdú tosaigh, déantar imscrúduithe araíonachta díobh.

## Imscrúduithe araíonachta

Tá ceithre bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil:

**Réiteach neamhfhoirmiúil** (dá bhforáiltear le halt 90 den Acht) – Uaireanta, is ciallmhar d'Ombudsman an Gharda Síochána obair leis an dá pháirtí chun cás a réiteach go neamhfhoirmiúil, e.g. i gcásanna ina ndearna duine gearán nár tugadh a réadmhaoin ar ais dó. Bíonn sé sin níos tapa ná imscrúdú foirmiúil. Is próiseas deonach é agus tá toiliú an dá pháirtí ag teastáil ann. **Osclaíodh 186 cás réitigh neamhfhoirmiúil in 2014.**

**Imscrúdú araíonachta ag an nGarda Síochána** (alt 94) – Is iad ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána (CFGSanna) a thugann faoi imscrúduithe den sórt sin ar aon dul leis na Rialacháin Araíonachta. Féadfaidh COGS a chinneadh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé maoirseacht ar an imscrúdú. Ní dhéantar maoirseacht ar fhormhór na ngearán a tharchuirtear chuig Coimisinéir an Gharda Síochána lena n-imscrúdú faoi alt 94.

- Más **imscrúdú gan mhaoirseacht** é, de réir na bPrótacal atá ann idir COGS agus an Garda Síochána, ní mór an t-imscrúdú a chríochnú agus ní mór tuarascáil deiridh a eisiúint ina leith laistigh de 16 seachtaine. Gnáthshamplaí de chásanna a ndéantar imscrúdú orthu ar an mbealach sin is ea líomhain gur cuardaíodh teach gan bharántas nó go raibh mí-úsáid údaráis ann nuair a bhí duine á ghabháil. **Osclaíodh 500 cás den sórt sin in 2014.**
- Más **imscrúdú faoi mhaoirseacht** é, féadfaidh imscrúdaitheoir ainmnithe de chuid COGS teacht le chéile leis an CFGS chun an plean imscrúdaithe a chomhaontú. Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir ainmnithe gníomhartha imscrúdaitheacha a threorú agus páirt a ghlacadh iontu agus ní mór tuarascálacha eatramhacha a chur ar fáil dó. De réir na bprótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain. Sampla de chásanna den sórt sin is ea cásanna a bhaineann le líomhain thromchúiseach maidir le faillí i ndualgas, mar shampla, easpa imscrúdaithe, nó imscrúdú neamhleor, ar choir thromchúiseach a tuairiscíodh do na gardaí. **Osclaíodh 94 cás den sórt sin in 2014.**

**Imscrúdú araíonachta ag COGS** (alt 95) – Féadfaidh imscrúdaitheoirí de chuid Ombudsman an Gharda Síochána féin imscrúdú a dhéanamh ar chásanna araíonachta áirithe. Osclaíodh 6 chás den sórt sin in 2014.

### Athbhreithnithe ar imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht

Má tá an duine a rinne an gearán bunaidh míshásta leis an toradh ar imscrúdú gan mhaoirseacht, foráiltear le halt 94(10) den Acht go bhféadfaidh sé iarraidh ar COGS athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar. Is é an ról atá ag COGS sna hathbhreithnithe sin a fháil amach an raibh an t-imscrúdú cuimsitheach go leor agus an raibh an toradh cuí air. Is é Coimisinéir an Gharda Síochána atá freagrach as araíonacht an Gharda Síochána agus as imscrúduithe a dhéanamh faoi na Rialacháin Araíonachta. Níl aon chumhacht ar bith ag COGS cur isteach ar an gcinneadh ó oifigeach cinntitheach an Gharda Síochána, i.e., ní fhéadfaimid cinneadh nua a chur in áit an chinnidh ná an toraidh. Níl cumhacht ag COGS tuairisc a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána ach amháin i gcásanna ina dtagann ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú agus/nó faoi thoradh an imscrúdaithe.

**Fuarthas 125 iarraidh ar athbhreithniú in 2014 agus cuireadh 117 ceann i gcrích.** Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh, scríobh COGS chuig Coimisinéir an Gharda Síochána i 13 cheann de na cásanna sin maidir leis an dóigh ar tugadh faoin imscrúdú agus/nó toradh an imscrúdaithe agus/nó an smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm. Ós rud é go bhfuil an próiseas araíonachta i gcrích, áfach, ní fhéadfar é a athoscailt agus tá feidhm ag toradh an imscrúdaithe ar leith go fóill. (D'fhéadfadh go dtabharfaí aghaidh ar an gceist sin san athbhreithniú ar na Rialacháin Araíonachta, rud atá ar siúl faoi láthair.)

Sna cásanna eile, níor tháinig aon ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú ar an ngearán, ar thoradh an imscrúdaithe ná ar an smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm (dá mba ann dó).

## DÚNADH 2,176 gearán (ina raibh 6,040 líomhain) in 2014

...b'ionann é sin agus méadú 8% ar an bhfigiúr don bhliain roimhe.
Rinneadh 1,199 gearán ina raibh 4,311 líomhain a ghlacadh agus a imscrúdú.
Tá torthaí ar na gearáin sin liostaithe thíos.

*Tábla 1: Torthaí na ngearán a dúnadh in 2014*

| Toradh/ Cúis | Míniú | Cineál imscrúdaithe lena mbaineann | Líon líomhaintí |
|---|---|---|---|
| Scoireadh de - Ní raibh gá le himscrúdú eile nó ní raibh imscrúdú eile indéanta le réasún | Is iad na cásanna is coitianta anseo (in ord minicíochta) ná nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ar fáil chun comhthacú le ceachtar leagan imeachtaí/iad a chruthú; nach gcomhoibríonn an gearánach leis an imscrúdú; gur éirigh an garda lena mbaineann as nó go ndeachaigh sé ar scor le linn an imscrúdaithe agus nach bhfuil aon líomhaintí coiriúla ann; agus gur réitíodh an cás ó shin i leith. | Gach cineál | 2,367 |
| Níor aithníodh aon sárú ar Rialacháin Araíonachta | Imscrúdaíodh na líomhaintí agus aimsíodh gur sháraigh an garda a ndearnadh gearán faoina iompar na rialacha araíonachta. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag COGS (alt 95) | 1,228 |
| Tarraingíodh an líomhain siar | Chuir an duine a rinne an gearán a chinneadh in iúl gan coinneáil leis. | Gach cineál | 292 |
| Níor aithníodh aon mhí-iompar tar éis imscrúdú coiriúil | Is é an cás is coitianta anseo ná nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann a chruthaíonn an líomhain/na líomhaintí a rinneadh. | Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag COGS (alt 98) | 251 |
| Aithníodh sárú ar Rialacháin Araíonachta agus cuireadh smachtbhanna i bhfeidhm | D'fhéadfaí roinnt smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ag brath ar a thromchúisí atá an sárú a aimsíodh *(féach an bosca)*. Ábhar do Choimisinéir na nGardaí atá i gcur i bhfeidhm aon smachtbhanna. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag COGS (alt 95) | 114 |
| Tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí | Má tá fianaise ann go ndearnadh cion tar éis imscrúdú coiriúil, cuirfear comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a dhéanfaidh an cinneadh ar ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh. Má tá bás i gceist le cás, cuirfear an comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, fiú mura bhfuil aon fhianaise ar chion. *(Féach an bosca le haghaidh tuilleadh sonraí faoi ghníomhaíochtaí dlíthiúla in 2014.)* | Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag COGS (alt 98) | 30 |
| Thángthas ar réiteach neamhfhoirmiúil | Thángthas ar réiteach ar an ábhar chun sástacht an dá pháirtí. | Réiteach neamhfhoirmiúil (alt 90) | 22 |
| Níl feidhm ag Rialacháin an Gharda Síochána a thuilleadh | Chuaigh an garda is ábhar d'imscrúdú araíonachta ar scor nó d'éirigh sé as roimh an imscrúdú nó lena linn. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag COGS (alt 95) | 7 |

### Gníomhaíochtaí dlí in 2014 tar éis imscrúduithe coiriúla

*(Tabhair faoi deara: Baineann roinnt de na gníomhaíochtaí seo le himscrúduithe tar éis tarchur, agus ní tar éis gearán – féach rannán 4.)*

#### Comhaid a cuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) in 2014

- Cuireadh 26 comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, lenar áiríodh comhaid a bhain le ceathrar den phobal.
- D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh i gceithre chás, agus iad ag baint le triúr gardaí agus le beirt eile.

#### Cásanna os comhair na gcúirteanna coiriúla in 2014 de dhroim imscrúduithe COGS

Tháinig deich gcás os comhair na gcúirteanna in 2014, agus iad ag baint le deichniúr gardaí agus le triúr eile. Díobh sin, tá sé thriail – a bhain le seachtar líomhnaithe – críochnaithe anois.
Is iad seo a leanas na torthaí cúirte a bhí orthu:

- Phléadáil garda amháin ciontach de réir alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994. Chuir an Chúirt alt 1(1) den Probation of Offenders Act, 1907, i bhfeidhm ar an mbonn go n-íocfadh an garda €500 le carthanas.
- Ciontaíodh duine amháin den phobal i bhfaisnéis bhréagach agus mhíthreorach a chur ar fáil do COGS contrártha d'alt 110 d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus gearradh fíneáil €500 air dá bharr sin. Tá achomharc á dhéanamh ag an duine sin in aghaidh an chiontaithe.
- Dhíbh an Chúirt Dúiche cúisimh in aghaidh cúigear ball den Gharda Síochána i gceithre chás ar leith.

#### Trialacha ar feitheamh

Ag deireadh na bliana 2014, bhí ábhair a bhain le ceathrar líomhnaithe (beirt ghardaí agus beirt den phobal), de dhroim imscrúduithe COGS, fós os comhair na gcúirteanna. Ina theannta sin, tá na hachomhairc in aghaidh dhá chiontú (ó gharda amháin agus ó dhuine amháin den phobal) fós amuigh.

### Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm in 2014 tar éis imscrúduithe araíonachta

Comhairle – 48

Laghdú i bpá – 42

Rabhadh – 13

Foláireamh – 6

Fíneáil – 2

Iomardú – 2

Briseadh – 1

### Na torthaí ar chásanna Réitigh Neamhfhoirmiúil

Ba mar réitithe go neamhfhoirmiúil a taifeadadh 12% de na cásanna ar déileáladh leo trí Réiteach Neamhfhoirmiúil in 2014. Ba é scor an toradh ar fhormhór na gcásanna réitigh neamhfhoirmiúil (65% in 2014) tar éis fiosrúchán leis an dá pháirtí toisc nár cinneadh go raibh tuilleadh imscrúdaithe ag teastáil nó indéanta go réasúnach. Is ionann na príomhchúiseanna do scor de chásanna réitigh neamhfhoirmiúil agus do scor de chásanna i gcoitinne: níl aon chomhthacaíocht neamhspleách ann chun údar a thabhairt le tuilleadh imscrúdaithe; nó neamh-rannpháirtíocht ag an ngearánach. San 23% eile de chásanna in 2014, ba ghá an cás a fhormhéadú chun imscrúdú araíonachta foirmiúil (mar sin féin, is faoi rún an fhaisnéis ar fad a bhailítear le linn an phróisis réitigh neamhfhoirmiúil agus ní chuirtear í ar aghaidh chuig aon imscrúdú ina dhiaidh sin).

Mar aon leis na torthaí thuas, ar thorthaí iad a bhain le hiompar gardaí aonair, tarraingíodh aird in imscrúduithe áirithe ar chásanna ina bhféadfadh gur eascair an fhadhb as saincheist shistéamach nó bhainistíochta, seachas iompar duine aonair. D'fhonn líon na ngearán den chineál céanna a laghdú, nó deireadh a chur leo, amach anseo, rinneadh 28 ceann de thuairimí, nó moltaí, i dtaca le beartais, le cleachtais, etc. a chomhroinnt le Coimisinéir an Gharda Síochána in 2014 – tá siad liostaithe ina n-iomláine i Rannán 6.

# RANNÁN 2: IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL

Foráiltear an méid seo a leanas le halt 102(4) den Acht: *"féadfaidh Coimisiún an Ombudsman, má fheictear dó é a bheith inmhianaithe chun leas an phobail déanamh amhlaidh agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar a fheictear dó a léiriú go bhféadfadh –*

*(a) go ndearna ball den Gharda Síochána cion, nó*
*(b) gur iompair ball den Gharda Síochána ar bhealach a thabharfadh údar le himeachtaí araíonachta" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Luaitear in alt 102(5) freisin: *"Féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh chun leas an phobail, iarraidh ar Choimisiún an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar ar chosúil don Aire a thabhairt le tuiscint go ndearna ball den Gharda Síochána aon rud dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ábhar" [aistriúchán neamhoifigiúil].*



### Imscrúduithe a osclaíodh in 2014

Rinneadh ceithre imscrúdú chun leas an phobail a oscailt in 2014, agus gach ceann acu ar iarraidh ón Aire. Bhí gach ceann de na himscrúduithe sin fós ar siúl ag an 31 Nollaig 2014.

- Ba i mí Eanáir a fuarthas an chéad iarraidh ón Aire roimhe. Iarradh ar COGS scrúdú a dhéanamh ar iompar gardaí i dtaca le feidhmiú Chóras Pionóis na Muirear Seasta (córas pointí pionóis) le linn tréimhse ama áirithe, rud a bhí ina ábhar do líomhaintí ó 'sceithire' de chuid an Gharda Síochána. Ba é an aidhm a bhí leis an scrúdú a fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh fianaise ann ar iompar ar gá smachtbhannaí a mholadh ina leith faoi na Rialacháin Araíonachta nó ar gá comhad a ullmhú don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina leith. Cuireadh cás gnó isteach, rud inar leagadh amach an méid acmhainní a bheadh ag teastáil agus buiséad comhfhreagrach. Cuimsíonn an t-imscrúdú tréimhse trí bliana ar eisíodh fógraí arbh fhiú thart ar aon mhilliún pointe pionóis iad lena linn. Foirceannadh 76,000 ceann de na pointí sin ina dhiaidh sin.
- Fuarthas an dara hiarraidh i mí na Bealtaine, rud a bhain le sraith líomhaintí ar leith a rinne duine aonair maidir le faillí i ndualgas. Bhí gearán déanta ag an duine go díreach chuig COGS cheana féin agus, dá bhrí sin, bhí na líomhaintí á n-imscrúdú ag an am. De bharr gur athchatagóiríodh an gearán ina imscrúdú chun leas an phobail, áfach, méadaíodh raon feidhme an imscrúdaithe ní b'fhaide ná na líomhaintí sonracha ar leith, dá mba chuí.
- Ba i mí na Bealtaine freisin a fuarthas an tríú hiarraidh ón Aire, tar éis faisnéis a bheith faighte ag an Roinn ina ndearnadh líomhain maidir le gníomhaíochtaí éillitheacha ag garda.
- I mí Mheán Fómhair, fuarthas iarraidh eile i dtaca le feidhmiú Chóras Pionóis na Muirear Seasta. Den chuid is mó, b'ionann raon feidhme don iarraidh sin agus don iarraidh roimhe, ach chuimsigh sí tréimhse ama nua a bhí ina hábhar do líomhaintí breise. Dá bhrí sin, cuireadh an tréimhse ama nua sin leis an imscrúdú a bhí ar bun cheana féin, rud a mhéadaigh sainchúram an imscrúdaithe ag an am céanna. I mí Dheireadh Fómhair, leithdháil an tAire buiséad €1 milliún ar an imscrúdú bunaidh. Cuireadh tús leis an gcéad chéim den imscrúdú ina dhiaidh sin (céim ina ndearnadh anailís ar na líomhaintí a bhain leis an gcéad tréimhse ama a bhí á himscrúdú). Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, fuarthas cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe imscrúdaitheoirí sealadacha a fhostú don chéad chéim eile. Bhí na himscrúdaitheoirí le ceapadh trí phróiseas soláthair de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais. Bhí an próiseas sin fós ar siúl agus é seo á scríobh.

### Imscrúduithe a bhí ar siúl in 2014

Ina theannta sin, bhí cúig imscrúdú chun leas an phobail ar bun ag COGS cheana féin ag tús na bliana 2014, ba iad sin:

- Imscrúdú ar a leordhóthanaí a bhí imscrúdú an Gharda Síochána ar thimpiste tráchta ar bhóithre lenar bhain bás agus ullmhú thuarascáil dá éis an Gharda Síochána chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP). Bhí an t-imscrúdú sin ina ábhar d'imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bhí fós ar siúl ag deireadh na bliana 2014.
- Imscrúdú ar líomhain maidir le hionsaí ag garda. Críochnaíodh an t-imscrúdú sin i mí na Bealtaine 2014.
- Imscrúdú ar ábhair a tháinig as Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdaithe ar Dheoise Chaitliceach Chluana. Bhí an t-imscrúdú sin beagnach críochnaithe ag deireadh na bliana 2014.
- Imscrúdú chun a chinneadh an ndearna aon fhinnéithe de chuid an Gharda Síochána cion agus/nó sárú araíonachta agus fianaise á tabhairt acu sa chúirt. Bhí an t-imscrúdú sin beagnach críochnaithe ag deireadh na bliana 2014.
- Imscrúdú tar éis faisnéis a fháil ó dhuine den phobal i dtaca le gníomhaíochtaí éillitheacha líomhnaithe ar thaobh garda. Bhí an t-imscrúdú sin fós ar siúl ag deireadh na bliana 2014.

## RANNÁN 3: SCRÚDUITHE AR CHLEACHTAS, AR BHEARTAS AGUS AR NÓS IMEACHTA

Foráiltear le halt 106(1) den Acht: *"chun gearáin a chosc faoi chleachtas, faoi bheartas agus faoi nós imeachta an Gharda Síochána, nó chun líon na ngearán den sórt sin a laghdú, féadfaidh an tAire iarraidh ar Choimisiún an Ombudsman scrúdú a dhéanamh ar an gcleachtas, ar an mbeartas nó ar an nós imeachta; tuarascáil a thabhairt don Aire...; agus moltaí ón gCoimisiún chun é sin a bhaint amach a áireamh sa tuarascáil" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

I mí na Bealtaine 2014, d'iarr an tAire ar COGS scrúdú a dhéanamh ar an gcleachtas, ar an mbeartas agus ar an nós imeachta atá in úsáid ag an nGarda Síochána agus é ag déileáil le daoine a n-athchuireann an chúirt faoi choimeád iad. Táthar ag súil go gcuirfear tuarascáil, ina mbeidh moltaí, ar fáil don Aire sa chéad leath de 2015.

# RANNÁN 4: IMSCRÚDUITHE NEAMHSPLEÁCHA A THÁINIG AS TARCHUR AG AN NGARDA SÍOCHÁNA


Luaitear in alt 102(1) den Acht: *"Tarchuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána chuig Coimisiún an Ombudsman aon ábhar a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar baill den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a tharmligeann an chumhacht sin do Cheannfoirt, a bhfuil freagracht orthu a chinneadh an cuí é teagmhas a tharchur chun gur féidir le comhlacht neamhspleách imscrúdú a dhéanamh air.


Fuair COGS 60 tarchur le linn na bliana 2014, ar bhain 14 cheann díobh le básanna.

Ba iad teagmhais tráchta ar bhóithre na cúinsí ba choitianta taobh thiar de tharchuir chuig COGS in 2014.


*Léarscáil 3. Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána — Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)*



*Léarscáil 4. Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána — Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)*




*Cairt 6. Cúinsí taobh thiar de na tarchuir*



## Conas a thugtar faoi na himscrúduithe?

A luaithe a fhaigheann COGS tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ábhar.

Féachaimid le freagairt go comhréireach don ábhar. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé ó am go chéile go mbíonn sé soiléir nach bhfuil aon fhianaise ar mhí-iompar ná ar choiriúlacht ar thaobh garda. Ag an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Dhún COGS 56 imscrúdú in 2014, cinn ar cuireadh tús leo (in 2014 nó i mblianta roimhe) mar thoradh ar tharchuir ón nGarda Síochána.

Má tá bás i gceist, tionscnófar imscrúdú iomlán i gcónaí. Déanfar breithniú áirithe ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na hoibleagáidí ar an stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine a Chosaint ón gComhairle Eorpach, trínar cheart comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.



*Tábla 2: Cineálacha imscrúdaithe agus na torthaí a bhí orthu (imscrúduithe ar cuireadh tús leo tar éis tarchur agus a dúnadh in 2014)*

| Cineál Imscrúdaithe agus Toradh | Cásanna |
|---|---|
| Dúnadh an cás tar éis don scrúdú tosaigh a léiriú nach raibh aon fhianaise ar mhí-iompar ná ar choiriúlacht a raibh garda ina chúis leis/léi. | 28 |
| Rinneadh imscrúdú araíonachta agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh aon fhianaise ar mhí-iompar a raibh garda ina chúis leis – ní dhearnadh aon bheart breise. | 0 |
| Rinneadh imscrúdú araíonachta agus cuireadh i gcrích é – chuir Coimisinéir na nGardaí smachtbhanna i bhfeidhm. | 5 |
| Rinneadh imscrúdú araíonachta agus cuireadh i gcrích é – níor chuir Coimisinéir na nGardaí smachtbhanna i bhfeidhm. | 0 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise leordhóthanach ar mhí-iompar coiriúil a raibh garda ina chúis leis – ní dhearnadh aon bheart breise. | 10 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Cuireadh an líomhain faoi bhráid SIP – stiúradh ionchúiseamh. | 1 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Cuireadh an líomhain faoi bhráid SIP – níor stiúradh ionchúiseamh. | 10 |
| Scoireadh den chás de bharr easpa comhoibrithe ag an bpáirtí díobháilte agus mar nach raibh aon saincheisteanna imní eile ann. | 2 |
| **IOMLÁN** | **56** |

# RANNÁN 5: ÉIFEACHTÚLACHT NA N-IMSCRÚDUITHE A FHEABHSÚ

## An t-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh de réir cineáil

### Imscrúduithe coiriúla

Is iad imscrúdaitheoirí an Gharda Síochána féin a dhéanann imscrúdú ar gach líomhain maidir le cionta coiriúla (mar shampla, ionsaí) ag gardaí. (Rialaítear na himscrúduithe sin le halt 98 den Acht.)

Ag deireadh na bliana 2014, ba é 112 lá an meán-am[9] a tógadh chun imscrúduithe coiriúla a dhúnadh. B'ionann an figiúr sin agus feabhas suntasach ar an meánfhigiúr 155 lá in 2013. Bhí comhsheasmhacht choibhneasta ann san am dúnta le linn na bliana.

### Imscrúduithe araíonachta

Tá ceithre bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil:

*Réiteach neamhfhoirmiúil* (alt 90 den Acht) – Uaireanta, is ciallmhar d'Ombudsman an Gharda Síochána obair leis an dá pháirtí chun cás a réiteach go neamhfhoirmiúil, e.g. i gcásanna ina ndearna duine gearán go raibh garda míchúirtéiseach, nár ghlaoigh sé ar ais air, nár fhreagair sé litreacha, etc. Mar is féidir a fheiceáil sna meánfhaid ama, bíonn sé sin níos tapa ná imscrúdú foirmiúil agus bíonn tuilleadh solúbthachta ann ó thaobh torthaí de dá bharr sin.

I gcás réiteach neamhfhoirmiúil, ba é 101 lá an meán-am a tógadh chun cás a dhúnadh ag deireadh na bliana 2014. Bhí comhsheasmhacht ann freisin maidir leis an am a tógadh chun cásanna réitigh neamhfhoirmiúil a dhúnadh le linn na bliana. Ba é 96 lá an figiúr deiridh do 2013.

*Imscrúdú araíonachta ag an nGarda Síochána* (alt 94) – Tarchuirtear iad sin chuig Coimisinéir an Gharda Síochána agus is iad ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána (CFGSanna) a thugann fúthu ar aon dul leis na Rialacháin Araíonachta. I gcásanna áirithe, is féidir le hOifigeach Ainmnithe de chuid COGS maoirseacht a dhéanamh ar an imscrúdú, ag brath ar a thromchúisí atá an líomhain agus/nó ar chineál na líomhna, nó is féidir imscrúdú a dhéanamh orthu gan mhaoirseacht.

- Ní dhéantar maoirseacht ar fhormhór na n-imscrúduithe (84% in 2014) agus, de réir na bPrótacal atá ann idir COGS agus an Garda Síochána, ní mór iad a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 16 seachtaine (112 lá). (Gnáthghearán a ndéileáiltear leis ar an mbealach sin is ea gearán ina líomhnaítear go ndearnadh cuardach ar theach gan bharántas nó gur caitheadh go dona le duine agus é á ghabháil nó faoi choimeád an Gharda Síochána.)

Maidir leis na himscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht ar thug an Garda Síochána fúthu, ba é 309 lá an meánfhad ama a tógadh chun iad a chríochnú ag deireadh na bliana 2014 – rud a léiríonn méadú beag ar an meánfhigiúr deiridh 308 lá do 2013. Mar sin féin, meastar gur bhain an méadú beag sin leis na hiarrachtaí comhbheartaithe a bhí á ndéanamh chun díriú ar chásanna níos sine (trí athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis as ar tháinig athruithe ar chleachtas agus trí chomhphlé méadaithe leis an nGarda Síochána). Ba cheart a thabhairt faoi deara gur thit an meánfhad ama gach bliain ó mhí an Mhárta (nuair a bhain sé buaicfhigiúr 325 lá amach) i leith.


- Más imscrúdú faoi mhaoirseacht é (16% in 2014), tiocfaidh imscrúdaitheoir ainmnithe de chuid COGS le chéile leis an gCeannfort de chuid an Gharda Síochána chun an plean imscrúdaithe a chomhaontú. Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir ainmnithe gníomhartha imscrúdaitheacha a threorú agus páirt a ghlacadh iontu agus ní mór tuarascálacha eatramhacha a chur ar fáil dó. De réir na bPrótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain (140 lá). (D'fhéadfadh go ndéanfaí maoirseacht ar imscrúdú araíonachta

9 Is é is an meán staitistiúil ann ná an líon a scarann an leath uachtarach de shampla sonraí ón leath íochtarach

i gcásanna ina mbaineann sé le líomhain thromchúiseach maidir le faillí i ndualgas, mar shampla, easpa imscrúdaithe, nó imscrúdú neamhleor, ar choir thromchúiseach a tuairiscíodh do na gardaí.) Ba é 244 lá an meánfhad ama do 2014, rud ar laghdú é ar an bhfigiúr 389 lá do 2013.

*Imscrúdú araíonachta ag COGS* (alt 95) – Féadfaidh imscrúdaitheoirí de chuid Ombudsman an Gharda Síochána féin imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí araíonachta áirithe. Sampla coitianta de sin is ea cásanna ina ndearnadh imscrúdú coiriúil inar nochtadh sáruithe féideartha araíonachta, cé nár nochtadh aon iompar coiriúil iontu. Dúnadh 11 chás den chineál sin in 2014 agus ba é 362 lá an meánfhad ama a tógadh chun déanamh amhlaidh don bhliain. Agus é ag baint le 12 chás, b'ionann an figiúr coibhéiseach do 2013 agus 298 lá.

*Cairt 7. An meán-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh de réir cineáil ag deireadh 2014 (tugtha i laethanta)*




**Toisc nár tugadh ach faoi líon íseal den dá chineál seo imscrúdaithe, tá an meánfhad ama bunaithe ar na himscrúduithe uile ar tugadh fúthu le linn na bliana. I gcás gach cineáil imscrúdaithe eile, déantar an meán-am a tógadh chun cásanna a dhúnadh a ríomh ar bhonn míosúil agus tugtar an meánfhigiúr ag deireadh na bliana (Nollaig 2014).*

## Tionscnaimh atá ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar an am a thógtar chun imscrúduithe a dhúnadh

### Próiseas rialú cáilíochta le haghaidh imscrúduithe coiriúla

Rinneadh próiseas athbhreithnithe, lenar cuireadh bearta rialaithe caighdeánacha i bhfeidhm, a chur chun feidhme ar fud gach imscrúdaithe choiriúil le linn 2014.

Faigheann Oifigigh Shinsearacha Imscrúdaithe, atá i gceannas ar fhoirne imscrúdaitheoirí, liosta seachtainiúil cásanna atá ar oscailt le 60 lá agus ar gá dóibh gníomh a dhéanamh orthu le linn na seachtaine sin. Is é a bhíonn i gceist leis sin athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh agus cúnamh a thabhairt don imscrúdaitheoir plean gníomhaíochta a chur le chéile. Mar an gcéanna, faigheann an Leas-Stiúrthóir Imscrúduithe liosta seachtainiúil cásanna atá ar oscailt le 90 lá agus ar gá dó gníomh a dhéanamh orthu le linn na seachtaine sin; faigheann an Stiúrthóir Imscrúduithe liosta seachtainiúil cásanna atá ar oscailt le 120 lá agus ar gá dó gníomh a dhéanamh orthu le linn na seachtaine sin. Ar an leibhéal sin, baineann an gníomh leis an gcás a chur i láthair, le hathbhreithniú iomlán agus le breithniú a dhéanamh ar athbhreithniú tríú páirtí. Leantar ar aghaidh leis an stádas foláirimh ar imscrúduithe go dtí nach mbeidh sé ábhartha a thuilleadh.

A bhuí leis an bpróiseas rialú cáilíochta nua sin, tháinig laghdú suntasach ar an meán-am a tógadh chun imscrúduithe coiriúla a dhúnadh, ó 155 lá in 2013 go 112 lá in 2014. Táthar ag súil go mbeidh tuilleadh feabhais ann in 2015, rud a bheidh ar an gcéad bhliain iomlán ina mbeidh an próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm. Ní hé amháin gur chuir an próiseas feabhas ar éifeachtúlacht, ach chuir sé feabhas freisin ar cháilíocht na n-imscrúduithe. Is cuspóirí eagraíochta iad an dá cheann acu sin.

**Cinntí maidir le hinghlacthacht**
A luaithe a chuireann gearánach dóthain faisnéise ar fáil, bíonn sé mar aidhm againn cinneadh a dhéanamh a luaithe is féidir maidir lena inghlactha atá an gearán. Mar sin féin, bíonn baint dhíreach ann idir an t-am a thógtar chun inghlacthacht gearán a chinneadh agus na sonraí ar leith a ghabhann le gach gearán a fhaightear.

Bhain líon na ngearán a bhí ar feitheamh cinntí inghlacthachta buaicfhigiúr 285 gearán amach ag deireadh mhí na Bealtaine 2014. Bhí sé sin mar thoradh díreach ar an méadú suntasach a bhí ann i líon na ngearán a fuarthas, rud ar mhéadú 14% é ar an bhfigiúr don bhliain roimhe, in éineacht leis an laghdú foirne san Aonad um Chásobair. Ós rud é go dtomhaistear cásanna ón lá a osclaítear an comhad go dtí an lá a dhúntar é, bhí tionchar iarmhartach ag an méadú san am a tógadh chun gearáin a phróiseáil tríd an bpróiseas inghlacthachta (mar gheall ar an líon ní b'airde gearán a bhí ann) ar na meán-amanna a tógadh chun cásanna a dhúnadh.

Rinneadh iarrachtaí comhbheartaithe sa dara leath de 2014 próiseas inghlacthachta COGS a chuíchóiriú agus laghdú a dhéanamh ar an am a thógtar chun cinntí inghlacthachta a dhéanamh. Mar thoradh air sin, ba go 149 cás ag deireadh na bliana a laghdaíodh líon na gcásanna a bhí ar feitheamh cinntí inghlacthachta.

**Iarrataí ar fhaisnéis ón nGarda Síochána**
Chuir an Garda Síochána córas riaracháin nua i bhfeidhm le linn 2013. Tríd an gcóras sin, sheolfaí iarrataí ar dhoiciméid ó COGS chuig seoladh ríomhphoist tiomnaithe agus chuig foireann thiomnaithe a bheadh freagrach as a chinntiú go soláthrófaí freagraí laistigh den uasteorainn ama 30 lá a bhí comhaontaithe sna Prótacail idir an dá eagraíocht. Ba í an bhliain 2014 an chéad bhliain iomlán ina rabhamar in ann anailís a dhéanamh ar an gcóras sin agus tuairisc a thabhairt air.

De ghnáth, úsáidtear an córas sin le haghaidh gnáthdhoiciméad nó doiciméid éigeantacha. I measc samplaí de nithe a iarrtar go rialta, tá ainmneacha na ngardaí a bhí páirteach i dteagmhas a bhfuil gearán á dhéanamh faoi; nótaí a tógadh tráth an teagmhais; taifid choimeádta agus aon doiciméid ghaolmhara; nó cóip de chomhad imscrúdaithe de chuid an Gharda Síochána a bhaineann le teagmhas ar leith.

Chuir an córas sin feabhas ar éifeachtúlacht sa mhéid go bhfuaireamar freagraí ar 80% d'iarrataí laistigh den teorainn ama 30 lá ar an meán in 2014. Cé nach bhfuarthas 20% de fhreagraí laistigh den teorainn ama 30 lá, b'ionann an figiúr sin agus méadú suntasach i gcomhlíonadh na bPrótacal i gcomparáid leis an mbliain 2013 nuair a bhí an ráta comhlíonta cothrom le 19% (ní figiúr don bhliain iomlán é sin mar nár cuireadh an córas ar bun ach i lár na bliana 2013). Léiriú dearfach ar chomhar níos fearr idir an dá eagraíocht is ea é.

Beag beann ar an dul chun cinn soiléir sin, tá imní ann gur tugadh formhór na bhfreagraí measartha gar don teorainn ama 30 lá; ba é 23 lá an meán-am a tógadh chun freagra iomlán a fháil in 2014. Ós rud é gur de chineál caighdeánach atá formhór na faisnéise a iarrtar tríd an gcóras, is am measartha fada é 23 lá ina leith sin. Fágann na tréimhsí feithimh sin go mbíonn réanna fada i gceist le himscrúduithe a dhéanamh ar mhionábhair, fiú. Mar sin, ós rud é go bhfuil an córas ar bun agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach, táimid i mbun díospóireachta leis an nGarda Síochána ar mhaithe le feabhas a chur ar éifeachtúlacht. Mar aon le tuairisc a thabhairt ar ráta comhlíonta na teorann ama 30 lá in 2015, beidh sé mar aidhm againn freisin anailís a dhéanamh ar aon fheabhsuithe a bheidh ann ó thaobh éifeachtúlachta de agus tuairisc a thabhairt ar na feabhsuithe sin.

Mar gheall ar na hamanna fada freagartha atá luaite thuas, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach féidir iarrataí ar fhianaise, ná iarrataí am-íogaire ar fhaisnéis, a phróiseáil laistigh den chóras sin. I gcásanna den sórt sin, cuireann an tOifigeach Ainmnithe de chuid COGS a (h)iarraidh phráinneach in iúl go díreach don Oifigeach Dúiche iomchuí, agus é/í ag iarraidh go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil go díreach dó/di. (Sampla de chás ina mbíonn iarrataí ar fhaisnéis am-íogair is ea iarraidh ar phíosa scannáin teilifís chiorcaid iata (TCI), nó iarraidh ar chuntais tosaigh ar imscrúdú coiriúil nó araíonachta atá tromchúiseach.)

I mí na Samhna 2014, dréachtaíodh comhaontú seirbhíse lenar cuireadh na socruithe thuasluaite ar bhonn foirmiúil. Táthar ag súil go gcuirfear ainm leis an gcomhaontú sin go luath in 2015.

**Imscrúduithe gan mhaoirseacht**

Rinneadh iarrachtaí comhbheartaithe in 2014 laghdú a dhéanamh ar líon na n-imscrúduithe nach raibh ag teacht faoin amchlár atá leagtha amach sna Prótacail. Dúnadh roinnt cásanna ní ba shine de bharr na n-iarrachtaí sin.

Seoladh tionscnamh nua an 1 Nollaig chun leas a bhaint as an eolas agus as an taithí atá ag an mbeirt cheannfort atá ar iasacht linn ón nGarda Síochána, agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar thráthúlacht na n-imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht a dtugann ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána (CFGSanna) fúthu faoi alt 94 den Acht.

Bhí gá ann leis an tionscnamh toisc gur ag méadú, agus ní ag laghdú, a bhí an meán-am a bhí á thógáil chun imscrúduithe gan mhaoirseacht a dhúnadh (féach Cairt 7). De réir na staitisticí, bhí de bhreis ar aon trian de na himscrúduithe oscailte le linn 2014 lasmuigh den amchlár 16 seachtaine atá comhaontaithe sna Prótacail.

Ba é an smaoineamh taobh thiar den tionscnamh go bhféadfadh go dtiocfadh an méid seo a leanas as díospóireacht aghaidh ar aghaidh idir na ceannfoirt ar iasacht agus CFGSanna: imscrúdú níos dírithe agus níos comhréirí ar ghearáin; méadú ar an leibhéal faisnéise a chuirtear ar fáil do COGS le linn imscrúduithe; agus tuiscint níos fearr ann sa Gharda Síochána ar na próisis riaracháin atá i bhfeidhm in COGS.

Agus é comhaontaithe leis an nGarda Síochána, spriocdhíríonn an treoirchlár sé mhí ar na cásanna sin a bhfuil acmhainn ann iad a chríochnú laistigh den amchlár comhaontaithe 16 seachtaine go fóill. Tugann na ceannfoirt atá ar iasacht le COGS cuairt ar na ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána a bhfuil freagracht orthu tabhairt faoi na cásanna sin, agus cúnamh á thabhairt acu dóibh an sprioc atá ann imscrúduithe a dhúnadh go comhréireach agus go luath, rud atá chun tairbhe don dá pháirtí, a bhaint amach. Cé go bhfuiltear ag spriocdhíriú go sonrach ar chásanna atá ar bun le 8 – 12 seachtain, tapóidh ceannfoirt de chuid COGS an deis cásanna níos sine a phlé le CFGSanna d'fhonn na cúiseanna leis an moill a shainaithint agus d'fhonn réitigh fhéideartha ar na cúiseanna sin a iniúchadh.

Féachtar ar na cuairteanna sin mar dheis freisin aiseolas a fháil a bhféadfaimis é a úsáid chun ár bpróisis riaracháin féin a athrú agus imscrúduithe ní b'éifeachtúla a dhéanamh.

Fuarthas dea-aiseolas ó na CFGSanna ar tugadh cuairt orthu sa chéad mhí ina raibh an treoirchlár ar bun agus ó Rannán Bainistíochta Acmhainní Daonna an Gharda Síochána. Tá feabhas tagtha ar chumarsáid idir na CFGSanna sin agus cásbhainisteoirí de chuid COGS freisin. Má dhéantar dea-thorthaí de na comharthaí dearfacha tosaigh sin faoi dheireadh an treoirchláir sé mhí, leanfar ar aghaidh leis an bpróiseas sin. Ba cheart go mbeimis in ann tuairisc ní ba chinntithí a thabhairt ar thorthaí an treoirchláir sa chéad Tuarascáil Bhliantúil eile.

# RANNÁN 6: EOLAS A THABHAIRT D'FHORBAIRT BEARTAIS AGUS DO CHLEACHTAS PÓILÍNEACHTA

Tarraingíodh aird in imscrúduithe áirithe ar chásanna ina bhféadfadh gur eascair an fhadhb as saincheist shistéamach nó bhainistíochta, seachas iompar duine aonair. D'fhonn líon na ngearán den chineál céanna a laghdú, nó deireadh a chur leo, amach anseo, rinneadh 28 ceann de thuairimí, nó moltaí, i dtaca le beartais, le cleachtais, etc. a chomhroinnt le Coimisinéir an Gharda Síochána in 2014. Bhain cúig cinn díobh le hImscrúdú Coiriúil; bhain ceann amháin le Caomhnú Fianaise; bhain ceann amháin le Réadmhaoin; bhain ceann amháin le Coinneáil Taifead; bhain ceithre cinn le Cuardach; agus bhain aon cheann déag leis an dóigh ar Caitheadh le Daoine faoi Choinneáil.

**Tabhair faoi deara:** *Níl sa liosta seo ach amháin moltaí a cuireadh in iúl le linn 2014. Mar sin féin, áirítear ann an t-aiseolas a fuarthas i dtaca leis na moltaí sin thar na trí mhí ina dhiaidh sin (suas go dtí an 27 Márta 2015).*



*Tábla 3: Tuairimí ar tarraingíodh aird an Gharda Síochána orthu in 2014*

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs |
|---|---|---|
| Imscrúdú coiriúil | Imscrúdú ar líomhaintí faoi ionsaithe ar phóilíní | Le linn imscrúdaithe, d'aimsigh COGS gur aisghaireadh an ceanglas go ndéanann sáirsint neamhspleách imscrúdú ar ionsaí ar bhall den Gharda Síochána toisc gur cealaíodh Treoir ar leith. Nuair a rinneadh fiosruithe le linn an imscrúdaithe, dúirt an tAonad um Beartas Coireachta nár cheart do bhall den Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar ionsaí ina bhfuil sé ar an íospartach. |
| Imscrúdú coiriúil | Sainaithint daoine a gabhadh/ Úsáid as méarlorgaireacht UCAM | Imscrúdú ar ghearán gur gaireadh ar dhuine i gcion mar thoradh ar bhréagaithne. Le linn an imscrúdaithe, fuarthas amach nach raibh UCAM (Uathchóras Aithinte ó Mhéarloirg) ná méarlorgaireacht go ginearálta á n-úsáid ag Stáisiún Gardaí Shráid an Stórais chun aitheantas daoine gafa a dheimhniú. |
| Imscrúdú coiriúil | Treoir agus oiliúint | Imscrúdú ar líomhaintí nach raibh íospartach coire tromchúisí á choinneáil ar an eolas go cuí ag gardaí imscrúdaithe. |
| Imscrúdú coiriúil | Beartas um Fhoinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt (CHIS) | Gearán maidir le faisnéis a úsáid in oibríocht de chuid na nGardaí a bhí faoi réir imscrúdú coiriúil agus imscrúdú araíonachta araon. |

| Moladh | Dáta eisiúna | Aiseolas a fuarthas |
|---|---|---|
| Moladh gur cheart an ceanglas go ndéantar imscrúdú neamhspleách ar líomhain faoi ionsaí ar bhall den Gharda Síochána a thabhairt isteach an athuair (i.e. ní chreidimid gur leor a rá go neamhoifigiúil nár cheart do bhall den Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar ionsaí ina bhfuil siad ar an íospartach agus creidimid gur cheart ceanglas oifigiúil a bheith ann). | 24/08/14 | Admháil chaighdeánach go bhfuarthas litir an 29/08/14. |
| Iarradh ar an nGarda Síochána breithniú a dhéanamh ar thuilleadh úsáide a bhaint as UCAM agus as méarloirg chun cabhrú leis príosúnaigh a aithint. | 26/08/14 | Ní bhfuarthas freagra ar bith. |
| Molta:<br>• treoir do bhaill, i.e. caighdeán náisiúnta a chur chun feidhme maidir leis an méid ba cheart íospartaigh na coireachta a choinneáil ar an eolas má éiríonn imscrúdú coiriúil fada nó fadtréimhseach;<br>• oiliúint bhreise do bhaill maidir le riachtanais íospartaigh na coireachta. | 24/11/14 | Cuireadh in iúl i litir ó Ghnóthaí Inmheánacha dar dáta an 05/03/15 gur cuireadh cúrsaí a ardaíodh sa tuarascáil imscrúdaithe faoi bhráid na rannóg iomchuí lena mbreithniú. |
| Moladh gur cheart beartas an Gharda Síochána um CHIS (Foinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt) a leasú le go mbeadh sé soiléir go sainráite gur cheart an próiseas measúnachta a tharchur chuig an Aonad Réigiúnach um Láimhseáil Foinsí, a luaithe is a mheastar duine a bheith oiriúnach dá chur san áireamh féideartha sa chlár CHIS agus sa chás go ndearnadh roinnt idirghníomhaíochtaí maidir leis an soláthar faisnéise sonraí. Leagadh béim ar dhébhríonna sonracha sa bheartas um CHIS i dtaca leis an méid thuas agus moladh gur cheart an beartas a nuashonrú chun aghaidh a thabhairt orthu. | 19/12/14 | I litir dar dáta an 13/01/15, léiríodh gur cuireadh na hábhair imní sin faoi bhráid an Choimisinéara Chúnta ar an Aonad um Choireacht agus Slándáil. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs |
|---|---|---|
| Caomhnú fianaise | Píosa scannáin UAUP (uathaithint uimhirphlátaí) | Le linn imscrúdaithe, tháinig COGS ar an eolas nár dhaingnigh ball a fuair gearán in aghaidh an Gharda Síochána ó bhall den phobal an píosa scannáin físe ábhartha, cé gur tharraing an gearánach aird ar an ábhar sin a bheith ann laistigh d'uaireanta tar éis an teagmhais. Ba é an píosa scannáin físe i gceist píosa scannáin UAUP ó fheithicil de chuid an Gharda Síochána agus bhí sé furasta é a dhaingniú. Níor daingníodh an píosa scannáin sin agus ní raibh sé ar fáil a thuilleadh nuair a d'iarr COGS an t-ábhar. |
| Maoin | An córas PULSE a úsáid | Imscrúdú ar ghearán ag a raibh líomhaintí éagsúla, lena n-áirítear nár déileáladh go cuí le pas caillte a tugadh isteach i stáisiún Gardaí. |
| Coinneáil taifead | Teagmhais a thaifeadadh sa chóras PULSE/ i leabhar nótaí na nGardaí | Imscrúdú ar ghearán lenar líomhnaíodh ionsaí agus úsáid fórsa in aghaidh linbh nach ndearna an garda lena mbaineann iontráil ina leabhar nótaí agus nár taifeadadh aon teagmhas sa chóras PULSE ann. |
| Coinneáil taifead | An córas PULSE a úsáid | Imscrúdú araíonachta faoi mhaoirseacht tar éis gearáin lenar líomhnaíodh neamhghníomh na nGardaí i gcás inar thuairiscigh ball den phobal ábhair imní faoi fholláine carad a fuarthas a bheith marbh ina dhiaidh sin. Ní raibh aon léiriú gur chuir freagairt na nGardaí leis an mbás nó go raibh sí mar chúis leis an mbás ar bhealach ar bith. |
| Coinneáil taifead | Nótaí maidir le déileálacha leis an bpobal nó leis an ngearánach agus tabhairt ar ais maoine | Imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht, faoi réir athbhreithnithe, tar éis gearáin lenar líomhnaíodh go ndearna gardaí maoin an ghearánaigh a mhíláimhseáil/ a chailleadh agus suíomh agóide á ghlanadh ag gardaí.<br>• Nuair a iarradh, níor fhéad an garda lena mbaineann aon fhianaise dhoiciméadach ná nótaí a thaispeáint faoina dhéileálacha leis an ngearánach áirithe sin ná le baill eile den phobal maidir leis na ceisteanna nó le hiarrachtaí chun maoin a thabhairt ar ais do na húinéirí dlisteanacha.<br>• Aimsíodh le linn an imscrúdaithe sin gur aisghabhadh méid mór maoine le linn na hoibríochta agus go raibh an-deacracht ag gardaí úinéireacht na míreanna a dhéanamh amach. |
| Coinneáil taifead | Ráitis / tuarascálacha finnéithe de chuid na nGardaí | Imscrúdú a dhéanamh ar ghearán a rinne ógánach ina ndearnadh líomhaintí drochíde in aghaidh gardaí a bhí bainteach le teagmhas oird phoiblí. |

| Moladh | Dáta eisiúna | Aiseolas a fuarthas |
|---|---|---|
| Iarradh ar an nGarda Síochána breithniú a dhéanamh ar threoracha níos soiléire a eisiúint chuig baill maidir leis na hoibleagáidí atá orthu faoi alt 89 den Acht chun fianaise ar fáil a dhaingniú agus a chaomhnú tar éis fógra a fháil go ndearnadh gearán. | 04/11/14 | Cuireadh in iúl i litir ó Ghnóthaí Inmheánacha dar dáta an 12/12/14 gur tarraingíodh aird an Oifigigh Rannáin lena mbaineann ar na nótaí tráchta sin. |
| Moladh gur cheart meabhrúchán a thabhairt do bhaill gur cheart pasanna a thugtar isteach a thaifeadadh sa chóras PULSE agus gur cheart PULSE a sheiceáil chun a fháil amach an bhfuil aon tuarascáil eile ann a d'fhéadfadh tabhairt ar ais an phas a éascú. | 03/09/14 | Admháil chaighdeánach go bhfuarthas litir an 05/09/14. |
| Iarradh gur cheart don Gharda Síochána breithniú a dhéanamh ar mholadh don gharda aonair go mbeadh iontráil sa leabhar nótaí ábhartha i dtaca leis na hábhair sin. | 19/09/14 | Moladh i litir ó Ghnóthaí Inmheánacha dar dáta an 17/11/14 gur tarraingíodh aird an Oifigigh Rannáin lena mbaineann ar na nótaí tráchta sin maidir le hiontrálacha sa leabhar nótaí agus le teagmhais a thaifeadadh sa chóras PULSE. |
| Moladh gur cheart:<br>• aird na mball go léir a tharraingt ar na forálacha sna treoracha ábhartha ón nGarda Síochána maidir le daoine ar iarraidh, agus béim á leagan nach gá do dhuine muinteartha tuairiscí daoine ar iarraidh a chomhdú sular féidir dul i mbun birt;<br>• córas PULSE an Gharda Síochána a sheiceáil i gcásanna ina dtuairiscíonn daoine ábhair imní faoi fholláine duine aonair, fiú mura gcomhdaítear tuairisc daoine ar iarraidh. | 12/12/14 | Léiríodh i litir dar dáta an 04/03/15 gur tugadh aird chuí ar shaincheisteanna córasacha ar leagadh béim orthu sa tuarascáil imscrúdaithe agus gur tugadh eolas do na geallsealbhóirí ábhartha agus gur iarradh a gcuid tuairimí agus barúlacha. |
| Moladh<br>• gur cheart treoir a thairiscint do na gardaí sonracha maidir le taifid a choinneáil dá theagmháil le baill den phobal.<br>• gur cheart cur i bhfeidhm a dhéanamh ar mhionstraitéis aisghabhála maoine lena ngabhann pearsanra sannta chun maoin a logáil agus grianghraif a dhéanamh di in oibríochtaí beartaithe den chineál sin de chuid na nGardaí amach anseo. Chabhródh an próiseas sin le maoin a phróiseáil agus le míreanna a thabhairt ar ais dá n-úinéirí dlisteanacha. | 19/12/14 | Admháil chaighdeánach go bhfuarthas litir an 30/12/14. |
| Leagadh béim ar chosúlachtaí láidre idir tuarascálacha a d'eisigh gardaí éagsúla agus cuireadh tuairim in iúl go raibh comhchruthú tuairiscí teagmhais in aghaidh an dea-chleachtais agus go bhféadfadh sé gardaí a fhágáil neamhchosanta ar cheisteanna faoi ionracas na dtuairiscí. | 10/05/14 | Admháil chaighdeánach go bhfuarthas litir an 28/05/14. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs |
|---|---|---|
| Cuardaigh | Teaghais a dhaingniú tar éis cuardaigh | Imscrúdú ar ghearán i dtaca le cuardach inar bhris gardaí bealach isteach agus inar "daingníodh" an teaghais ina dhiaidh sin ach an doras tosaigh a dhúnadh. Líomhain an gearánach go ndeachaigh suim airgid ar iarraidh óna theach ina dhiaidh sin. |
| Cuardaigh | Coinneáil taifead/ Loga cuardaigh | Imscrúdú ar ghearán i dtaca le cuardach, ina ndearnadh roinnt líomhaintí, lena n-áirítear gur fágadh an teaghais i mí-eagar. Tháinig sé chun solais nár comhlánaíodh an loga cuardaigh ach go páirteach agus go neamhleor (N.B. níl sé ina riachtanas do phóilíní in Éirinn taifead cuardaigh a chomhlánú). |
| Cuardaigh | Déanamh cuardaigh | I dtaca le himscrúdú ar líon na ngearán faoi dhamáiste/ mhí-eagar a raibh cuardaigh ina chúis leis. |
| Cuardaigh | Coinneáil taifead/ leabhair nótaí | I dtaca le himscrúdú ar líon na ngearán faoi dhamáiste/ mhí-eagar a raibh cuardaigh ina chúis leis. Bhí caighdeán an ghlactha nótaí lag nó níorbh ann dó le linn cuardach tí - níor luadh go cuí iompar bacúil an ghearánaigh ar cuireadh síos air i ráitis ina dhiaidh sin. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Coinneáil taifead agus Rialacháin Choimeádta | Le linn imscrúdaithe, tháinig sé chun solais gur chuir an Séiléir ráiteas inar mhionsonraigh sí go bhfaca sí gortuithe fairsinge ar an bpríosúnach. Mar sin féin, níor léirigh an taifead coimeádta go raibh aon ghortuithe ann. (Ábhar gan réiteach nach raibh ceangailte le hábhar an ghearáin a bhí ann; ní raibh baint ag an tsaincheist ar an imscrúdú ar an ngearán ach measadh í a bheith cuí lena cur in iúl d'údaráis an Gharda Síochána.) |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Trealamh | Imscrúdú tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád. |

| Moladh | Dáta eisiúna | Aiseolas a fuarthas |
|---|---|---|
| Cuireadh in iúl gur doiléir a bhí an treoir do bhaill maidir lena bhfuil i gceist le teaghais "a dhaingniú". Iarradh ar an nGarda Síochána treoracha níos soiléire a eisiúint chuig baill maidir lena bhfuiltear ag súil leis agus teaghais a cuireadh faoi bhealach isteach briste á dhaingniú, go háirithe i gcásanna ina bhfuil an sealbhóir tí aonair as láthair nó gafa agus nach bhfuil aon duine atá ar fáil láithreach bonn chun an teaghais a dhaingniú thar ceann an tsealbhóra tí. | 16/07/14 | Admháil chaighdeánach go bhfuarthas litir an 22/07/14. |
| Iarradh breithniú a dhéanamh ar threoir a eisiúint lena rá gur cheart logaí cuardaigh a chomhlánú i gceart le faisnéis chruinn. | 17/07/14 | Tugadh le tuiscint i litir dar dáta an 08/08/14 gur cuireadh na saincheisteanna a ardaíodh in iúl do na Sealbhóirí Polasaí ábhartha laistigh den Gharda Síochána agus don Oifigeach Rannáin. Tugadh le fios san eolas ba dheireanaí a tugadh an 23/08/14 gur dréachtaíodh treoracha athbhreithnithe trí bhíthin Treorach ón gCeanncheathrú agus gur cuireadh faoi bhráid an Choimisinéara iad. Bhain siad le barántais chuardaigh a fhorghníomhú, le measúnuithe riosca agus le ceanglais loga cuardaigh. |
| Moladh gur cheart ceamara a bheith ag gardaí a dhéanann cuardaigh thí agus gur cheart dóibh pictiúir a ghlacadh roimh chuardaigh agus ina ndiaidh. | 17/07/14 | Tugadh le tuiscint i litir dar dáta an 08/08/14 gur cuireadh na saincheisteanna a ardaíodh in iúl do na Sealbhóirí Polasaí ábhartha laistigh den Gharda Síochána agus don Oifigeach Rannáin. Tugadh le fios san eolas ba dheireanaí a tugadh an 23/08/14 gur dréachtaíodh treoracha athbhreithnithe trí bhíthin Treorach ón gCeanncheathrú agus gur cuireadh faoi bhráid an Choimisinéara iad. Bhain siad le barántais chuardaigh a fhorghníomhú, le measúnuithe riosca agus le ceanglais loga cuardaigh. |
| Moladh gur cheart a chur i gcuimhne d'oifigigh gur cheart nótaí a ghlacadh go tráthúil tar éis teagmhas. | 17/07/14 | Tugadh le tuiscint i litir dar dáta an 08/08/14 gur cuireadh na saincheisteanna a ardaíodh in iúl do na Sealbhóirí Polasaí ábhartha laistigh den Gharda Síochána agus don Oifigeach Rannáin. Tugadh le fios san eolas ba dheireanaí a tugadh an 23/08/14 gur dréachtaíodh treoracha athbhreithnithe trí bhíthin Treorach ón gCeanncheathrú agus gur cuireadh faoi bhráid an Choimisinéara iad. Bhain siad le barántais chuardaigh a fhorghníomhú, le measúnuithe riosca agus le ceanglais loga cuardaigh. |
| Cuireadh an fhíric nár comhlánaíodh an taifead coimeádta i gceart in iúl d'údaráis an Gharda Síochána. | 19/02/14 | Fuarthas deimhniú an 06/01/15 go raibh an Garda Síochána ag imscrúdú na saincheiste mar shárú araíonachta féideartha. Fuarthas tuarascáil ina dhiaidh sin an 29/01/15 lena rá gur imscrúdaíodh sárú araíonachta féideartha faoi Rialachán 14 de na Rialacháin Araíonachta agus cinneadh nach raibh aon sárú araíonachta ann. |
| Leagadh béim nach bhfuil teacht ar shriantaí oifigiúla cos agus iarradh ar an nGarda Síochána breithniú a dhéanamh ar iad a chur ar fáil ionas go bhféadfar daoine a shrianadh ar bhealach níos sábháilte agus níos éifeachtaí nuair is gá. | 08/04/14 | Admháil chaighdeánach go bhfuarthas litir. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs |
|---|---|---|
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Garchabhair | Imscrúdú tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Príosúnaigh ar meisce | Imscrúdú tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Trealamh | Imscrúdú tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Róil agus oiliúint | Imscrúdú tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Coinneáil taifead | Imscrúdú tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Cillíní | Imscrúdú tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád. |

| Moladh | Dáta eisiúna | Aiseolas a fuarthas |
| --- | --- | --- |
| Cuireadh ceisteanna ar aghaidh a d'ardaigh giúiré faoi cé acu is ceart nó nach ceart gur tugadh duine marbh chuig ospidéal le haghaidh cóir leighis láithreach in ionad é a thabhairt chuig stáisiún Gardaí. | 08/04/14 | Admháil chaighdeánach go bhfuarthas litir. |
| Moladh gur cheart tabhairt ar dhaoine ar meisce faoi choimeád an Gharda Síochána séideadh isteach san anáileadán chun measúnú riosca a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart do phríosúnach cóir leighis a fháil. | 29/09/14 | Luadh i litir dar dáta an 10/11/14 go ndearnadh nótaí tráchta a thabhairt faoi deara agus a tharchur chuig na hÚinéirí Polasaí ábhartha.<br>Anuas air sin, tugadh le tuiscint i litir dar dáta an 11/03/15 a fuarthas i dtaca le cás eile gur dréachtaíodh Treoir maidir le Measúnacht Príosúnach ar Meisce agus forbraíodh clár oiliúna um Bainistiú Sábháilte Daoine faoi Choimeád. |
| Moladh gur cheart:<br>• dífhibrileoirí a shuiteáil i láithreacha coimeádta an Gharda Síochána;<br>• oiliúint chuí a chur ar fáil do na gardaí go léir. | 29/09/14 | Luadh i litir dar dáta an 10/11/14 go ndearnadh nótaí tráchta a thabhairt faoi deara agus a tharchur chuig na hÚinéirí Polasaí ábhartha.<br>Anuas air sin, tugadh le tuiscint i litir dar dáta an 11/03/15 a fuarthas i dtaca le cás eile gur dréachtaíodh Treoir maidir le Measúnacht Príosúnach ar Meisce agus forbraíodh clár oiliúna um Bainistiú Sábháilte Daoine faoi Choimeád. |
| Moladh gur cheart:<br>• oiliúint i ngarchabhair atá cothrom le dáta a chur ar gach garda;<br>• sainról mar Oifigeach Coimeádta a chruthú, agus é scartha ón ról mar Bhall i gCeannas (MIC), agus gur cheart don Oifigeach Coimeádta a bheith ina Gharchabhróir ag an Obair agus céim mhaoirseachta a bheith aige;<br>• cúrsa oiliúna a chruthú don ról mar Oifigeach Coimeádta, agus béim ar leith á cur ar Oiliúint i nGarchabhair agus ar na guaiseacha a bhaineann le príosúnaigh atá ar steallaí meisce. | 29/09/14 | Luadh i litir dar dáta an 10/11/14 go ndearnadh nótaí tráchta a thabhairt faoi deara agus a tharchur chuig na hÚinéirí Polasaí ábhartha.<br>Anuas air sin, tugadh le tuiscint i litir dar dáta an 11/03/15 a fuarthas i dtaca le cás eile gur dréachtaíodh Treoir maidir le Measúnacht Príosúnach ar Meisce agus forbraíodh clár oiliúna um Bainistiú Sábháilte Daoine faoi Choimeád. |
| Moladh gur cheart don Gharda Síochána breithniú a dhéanamh ar ríomhthaifead coimeádta a fhorbairt, agus é comhtháite leis an gcóras PULSE, rud a chuirfeadh le measúnuithe riosca a dhéanamh ar phríosúnaigh i ngabhálacha amach anseo. | 29/09/14 | Luadh i litir dar dáta an 10/11/14 go ndearnadh nótaí tráchta a thabhairt faoi deara agus a tharchur chuig na hÚinéirí Polasaí ábhartha.<br>Anuas air sin, tugadh le tuiscint i litir dar dáta an 11/03/15 i dtaca le cás eile go bhfuil breithniú á dhéanamh ag an nGarda Síochána ar Straitéis TFC ina gcuimsítear Ríomhthaifead Coimeádta atá nasctha leis an gcóras PULSE. |
| Moladh gur cheart don Gharda Síochána breithniú a dhéanamh ar shainchillíní féachana nó breathnadóireachta a bheith aige do dhaoine ar meisce agus do dhaoine leochaileacha chun cur ar chumas gardaí measúnú níos fearr a dhéanamh ar an riocht agus na rioscaí a bhaineann le catagóirí áirithe daoine faoi choimeád. | 29/09/14 | Luadh i litir dar dáta an 10/11/14 go ndearnadh nótaí tráchta a thabhairt faoi deara agus a tharchur chuig na hÚinéirí Polasaí ábhartha.<br>Anuas air sin, tugadh le tuiscint i litir dar dáta an 11/03/15 a fuarthas i dtaca le cás eile gur dréachtaíodh Treoir maidir le Measúnacht Príosúnach ar Meisce agus forbraíodh clár oiliúna um Bainistiú Sábháilte Daoine faoi Choimeád. |

# RANNÁN 7: SOLÁTHAR FOIRNE


Ag an 31 Nollaig 2014, bhí 74 ball foirne ann in COGS, dá raibh 20 duine fostaithe sa Stiúrthóireacht Riaracháin agus dá raibh 54 duine fostaithe sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí. In éineacht leis an líon sin, bhí triúr Coimisinéirí agus beirt Cheannfort a bhí ar iasacht ón nGarda Síochána ann, mar aon le beirt chonraitheoirí TFC.

Tá an líon foirne sin de 74 duine i bhfad faoi bhun fhigiúr na heagraíochta faoin gCreat Rialú Fostaíochta (CRF), is é sin, 86 duine. Tháinig deacrachtaí chun cinn de bharr moilleanna ama a bhain le cead a fháil daoine a earcú agus de bharr na meicníochtaí earcaíochta a forchuireadh, mar shampla, painéil ath-imlonnaithe.

Fiú amháin dá mbeadh soláthar foirne iomlán de 86 duine aige, ní bheadh dóthain acmhainní ag COGS chun na cuspóirí atá aige maidir le feidhmiú go héifeachtach agus de réir ardchaighdeáin a bhaint amach. Ní chuirtear an méid seo a leanas san áireamh ann sin ach oiread: an méadú sonrach a bhí ann i ngearáin le bliain anuas; an méadú san ualach oibre ar dóigh dó bheith ann mar gheall ar na freagrachtaí nua a thugtar leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014, rud atá achtaithe cheana féin; agus na leasuithe atá le déanamh ar Acht an Gharda Síochána 2005.

D'fhonn cur ar chumas COGS feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, tá an Coimisiún den tuairim gur gá Creat Rialú Fostaíochta na heagraíochta a chur ar aon dul leis an sainchúram atá aici agus go dtabharfaidh cumhacht don eagraíocht folúntais a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn.

*Cairt 8. Leithdháileadh acmhainní daonna agus struchtúr eagrúcháin*



# CONCLÚID

Cé go raibh an bhliain 2014 ina bliain ghnóthach ar roinnt cúiseanna éagsúla, d'éirigh leis an eagraíocht móréachtaí oibriúcháin a bhaint amach ag an am céanna. Bhí feabhsuithe sonracha ann freisin in éifeachtúlacht agus i gcomhphlé agus i gcomhar leis an nGarda Síochána agus tá súil ag an gCoimisiún go dtiocfaidh tuilleadh feabhsuithe astu sin in 2015.

Ina theannta sin, bhí roinnt athruithe ann ar an reachtaíocht lena rialaítear maoirseacht ar na póilíní, rud ar forbairt dhearfach é. Tá dóchas ag an gCoimisiún go sonraíonn sé sin tús le céim comhrá cuidithí agus le hathruithe a chuirfear ar a chumas a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí.


Tá tearcacmhainní ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána go fóill, agus 12 fholúntas as soláthar foirne ceadaithe de 86 duine ann ag deireadh 2014 mar gheall ar dheacrachtaí earcaíochta sa státseirbhís. Ina theannta sin, is dóigh go méadófar ualach oibre na heagraíochta de bharr na n-athruithe reachtacha atá achtaithe cheana féin nó atá le hachtú roimh i bhfad. D'fhonn déileáil go héifeachtach agus go héifeachtúil le hábhair a thiocfaidh faoi raon feidhme COGS mar thoradh ar na hathruithe sin, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh in 2015 le hiniúchadh a dhéanamh ar na réitigh fhéideartha atá ann ar na deacrachtaí foirne sin in éineacht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ar deireadh, ba mhaith leis an gCoimisiún a aithint gur thaispeáin foireann COGS fócas éachtach ar sheirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil le linn na bliana 2014, rud ar bhliain dheacair neamhghnách í. Gabhaimid fíorbhuíochas leo.


## AGUISÍN 1: Próifíl na ngearánach

Léirítear sna cairteacha thíos próifíl na ndaoine a rinne gearán chuig COGS in 2014. Tá na sonraí sin bunaithe ar shuirbhé próifíle gan ainm a leithdháiltear ar gach gearánach nuair a osclaítear an gearán den chéad uair. Thug 40% de ghearánaigh (904 duine) freagra ar an suirbhé in 2014.


*Cairt 9. Inscne na nGearánach*





*Cairt 10. Aoisphróifíl na nGearánach*




*Cairt 11. Náisiúntacht na nGearánach*





*Cairt 12. Eitneacht na nGearánach*





*Cairt 13. Céadteanga na nGearánach*




*Cairt 14. Stádas Sláinte/Míchumais na nGearánach*





*Cairt 15. Reiligiún na nGearánach*





*Cairt 16. Stádas Tithíochta na nGearánach*




*Cairt 17. Leibhéal Oideachais na nGearánach*




*Cairt 18. Stádas Fostaíochta na nGearánach*





*Cairt 19. An Áit ar Chuala Gearánaigh faoi COGS*




# AGUISÍN 2: Próifíl na ngardaí a ndearnadh gearáin fúthu in 2014

Léirítear sa chairt thíos próifíl na ngardaí a ndearnadh gearán fúthu, ó thaobh aicme agus inscne de, bunaithe ar gach ceann de na líomhaintí inghlactha a ndearnadh imscrúdú orthu in 2014 i gcásanna inarbh eol aitheantas na ngardaí a ndearnadh gearán fúthu.

*Cairt 20. Aicme an Gharda*




*Cairt 21. Inscne an Gharda*



## AGUISÍN 3: Caiteachas 2014

Thabhaigh COGS easnamh €382,693 in 2014. Baineann sé sin beagnach go hiomlán leis an gcostas gan choinne a bhaineann le seirbhísí seachtracha dlí, go háirithe mar thoradh ar alt faoi imscrúdú COGS a foilsíodh i nuachtán Domhnaigh i mí Feabhra 2014. Áiríodh na nithe seo leis na seirbhísí sin: comhairle i dtaca le Fiosrúchán neamhreachtúil a rinne an Breitheamh John Cooke, Fiosrúchán inmheánach i dtaca leis an sceitheadh líomhnaithe faisnéise a rinne an tUas. Mark Connaughton SC; agus an Fiosrúchán neamhreachtúil a rinne an tUas. Seán Guerin SC ar shaincheisteanna a bhaineann le líomhaintí 'sceithireachta' garda. Fuair COGS deimhniú ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go gcuirfí maoiniú breise ar fáil chun na costais gan choinne a tabhaíodh a chlúdach.

| Catagóir | An Bunbhuiséad | Caiteachas | |
|---|---|---|---|
| Tuarastal, Pá agus Liúntais | €5,338,000 | Pá agus Liúntais | €5,207,026.09 |
| Neamhphá | €2,586,000 | Taisteal agus Cothú | €105,875.12 |
| | | Costais Theagmhasacha | €945,054.71 |
| | | Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | €67,099.95 |
| | | Trealamh Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige | €440,372.50 |
| | | Costais Oifige agus Áitribh | €1,544,693.93 |
| | | Comhairleacht | €00.00 |
| | | Caiteachas Taighde | €0.00 |
| | | Leithghabháil i gCabhair | -€3429.56 |
| | | Iomlán Neamhphá | €3,099,666.65 |
| Leithdháileadh Bunbhuiséid Iomlán 2014 | €7,924,000 | Caiteachas Iomlán Pá agus Neamhphá 2013 | €8,306,692.74 |
| Easnamh Iomlán 2014 - €382,692.74 | | | |

**Tabhair faoi deara:** *Ní dhearnadh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na figiúirí a luaitear go fóill.*

# AGUISÍN 4: Oiliúint agus Forbairt Foirne in 2014



## Cúrsaí

- Teastas san Oiliúint Soláthair Phoiblí - An Foras Riaracháin (IPA)
- Scileanna Meán - Carr Communications
- Oiliúint i gCionta Gnéasacha - An tIonad Éigeandála um Éigniú
- Ceardlann um Idirghabháil, Dínit san Áit Oibre agus Aighneas - Resource Employee Relations
- An Clár Creidiúnaithe d'Oifigigh Shinsearacha Imscrúduithe - Ombudsman Póilíní do Thuaisceart Éireann agus Ollscoil Portsmouth
- Cúrsa Oiliúna do Bhainisteoirí Láthair na Coire - Imscrúduithe Póilíní
- Léargas Ginearálta ar Shamhail Agallóireachta an Gharda Síochána (GSIM) - Dereen Investigations
- Oiliúint Ionduchtúcháin d'Oifigigh Chúnta Imscrúdaithe (AIO) - COGS
- Cúrsa Oiliúna Prince II - BT Communications
- Oiliúint Forgate - IPOPTIONS
- An Timthriall Monatóireachta agus Tuairiscithe - Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Seimineár um Bainistíocht Struis - Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse
- Seimineár um Shláinte agus Folláine - Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse
- Oiliúint i nGrianghrafadóireacht Gortuithe - An Garda Síochána
- MA Ceartas Coiriúil - An Foras Riaracháin
- BSc Staidéar Gnó agus Dlí - Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath
- BA Bainistíocht Phoiblí - An Foras Riaracháin
- Dioplóma sa Bhainistíocht Phoiblí - An Foras Riaracháin
- MSc Ríomhaireacht Fhóiréinseach agus Cibearchoireacht - COBÁC

## Comhdhálacha

- Daoine atá á gCoinneáil ag Stáisiúin na nGardaí agus Nuashonruithe ar an Dlí Coiriúil - La Touche Training
- Ionad na hÉireann um an Dlí Eorpach - Comhdháil Ionad na hÉireann um an Dlí Eorpach
- Comhdháil Ionchoisní - La Touche Training
- Comhdháil Soláthair Phoiblí - Public Affairs Ireland
- Comhdháil um Ath-imlonnú san Earnáil Phoiblí - Public Affairs Ireland
- Comhdháil Bhliantúil Inmheánach agus Seirbhíse Poiblí - Dlí-Chumann na hÉireann
- Comhdháil Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann, 2014 - MII
- Comhdháil Idirnáisiúnta Idirghabhála - Coláiste Phádraig, Maigh Nuad
- Comhdháil na gComhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta, 2014 - Na Comhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta
- Comhdháil Náisiúnta na nOifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh - ACPO
- Comhdháil Náisiúnta Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí - Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí
- Cruinniú Bliantúil Chumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann
- Comhdháil Foirne Ombudsman na hÉireann

## AGUISÍN 5: Ráiteas an Choimisiúin tar éis Tuarascáil Cooke a fhoilsiú

PREASEISIÚINT
CHOIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

11 Meitheamh 2014
00:30

**Freagra COGS ar Thuarascáil Cooke**

Fáiltíonn COGS roimh an bhfíric go bhfuarthas amach i dTuarascáil Cooke, tar éis conspóide a mhair na míonna, go ndearnadh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána "gníomhú de mheon macánta".

Cé gur ardaigh aimhrialtachtaí áirithe ábhair imní faoi shlándáil laistigh de COGS, ar aimhrialtacht 'atá gan mhíniú fós" é ceann amháin díobh, aimsíodh an méid seo sa tuarascáil: "ní thacaíonn an fhianaise leis an maíomh gur tharla an faireachas iarbhír den chineál ar cuireadh síos air san alt in The Sunday Times, gan trácht ar an maíomh go ndearna baill den Gharda Síochána é". Dáiríre, léiríonn sé sin fionnachtana ár n-imscrúdaithe féin inar luadh, de réir ár bpreaseisiúna an 10 Feabhra, go raibh COGS "sásta nár cuireadh ár mbunachair shonraí i gcontúirt" agus "nach raibh aon fhianaise ar mhí-iompar garda".

Comhaontaímid le barúil an Bhreithimh gurb amhlaidh i "réimse na dteicnící faireachais cheilte agus frithfhaireachais go bhfuil sé rídhoiligh sa deireadh a chinneadh cé acu a bhí nó nach raibh cur isteach neamhdhleathach ina chúis le haimhrialtachtaí neamh-mhínithe de na cineálacha a sainaithníodh sa chás seo". Thángamar ar an deacracht chéanna agus ár n-imscrúdú féin á dhéanamh againn, rud a mhíníomar sa dioscúrsa poiblí i mí Feabhra i mbliana. Dá bhrí sin, chinn COGS, ag pointe áirithe, nach raibh tuilleadh bearta imscrúdaithe indéanta le réasún. Rinne an Breitheamh tuilleadh fiosruithe ina dhiaidh sin agus bhain sé tátail atá níos cinnte ná an t-imscrúdú a rinne COGS maidir le dhá cheann de thrí cinn de na haimhrialtachtaí.

Cé go luaitear sa tuarascáil go bhféadfadh go ndeachamar ar iontaoibh alt 102(4) d'Acht an Gharda Síochána (2005) go neamhaibí, ba cheart an tuairim sin a léamh, mar a luaitear sa tuarascáil, "i bhfianaise na faisnéise breise a tháinig chun solais san Fhiosrúchán seo". Tugaimid dár n-aire an coinníoll soiléir "nach féidir a shéanadh go bhfuil an fhoclaíocht atá ann oscailte freisin don léirmhíniú a thug COGS dó go dtí seo".

Tugaimid dár n-aire an moladh gur cheart breithniú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe d'Acht an Gharda Síochána (2005) a shoiléiriú. Tá páirt ghníomhach á glacadh againn i bplé maidir le hathrú reachtaíochta: táimid ag iarraidh scrúdú ar an Acht sin le tréimhse shuntasach ama anuas agus chuireamar aighneacht ina leith faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas.

Déanfaimid breithniú cúramach ar na moltaí breise atá sa tuarascáil i dtaca le socruithe slándála. Tá áthas orainn go bhfuil an Breitheamh sásta gur leordhóthanach atá na bearta a rinne COGS chun easnaimh shlándála a tháinig chun solais mar thoradh ar ár n-imscrúduithe a réiteach. Comhaontaímid go hiomlán lena mholadh agus gur cheart dúinn "scrúdú críochnúil oiriúnach frithfhaireachais a dhéanamh ar bhonn níos minice" ar ár gcuid oifigí agus tá sé beartaithe againn déanamh amhlaidh ionas go bhféadfaidh gearánaigh agus gardaí araon muinín iomlán a bheith acu as slándáil agus príobháideachas na sonraí atá á gcoimeád ag COGS.

CRÍOCH

## AGUISÍN 6: Ráiteas an Choimisiúin tar éis Fiosrúchán Connaughton a chur i gcrích

PREASEISIÚINT
CHOIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

10 Meán Fómhair 2014
15:00

**Tuarascáil faoi imscrúdú fianaise ar an nochtadh féideartha faisnéise faoi rún ón taobh istigh de COGS**

Fuair Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána an tuarascáil faoi imscrúdú fianaise ar na himthosca inar nochtadh faisnéis faoi rún a bhaineann le próiseas cuardach slándála a rinneadh thar ceann an Choimisiúin agus na bearta leantacha a rinne an Coimisiún do thríú páirtí.



Rinne Mark Connaughton SC an t-imscrúdú. Mionsonraítear scrúdú críochnúil ar na fíricí sa tuarascáil. Cuireadh an fhaisnéis a tháinig i láthair san fhearann poiblí i gcomparáid le gach doiciméad foinseach féideartha chun a fháil amach cé na doiciméid shonracha agus na sonraí sonracha a bhí ar fáil don iriseoir de réir cosúlachta agus cé na doiciméid shonracha agus na sonraí sonracha nach raibh agus cé hiad na daoine, sa taobh istigh agus sa taobh amuigh, a raibh rochtain acu ar na doiciméid ina raibh an fhaisnéis a chnuasaigh an t-iriseoir. Chuimsigh an t-imscrúdú agallaimh a cuireadh ar aon bhaill foirne reatha de COGS agus ar aon daoine a d'oibrigh le COGS roimhe sin a mheas an t-abhcóide sinsearach a bheith cuí (thaifead sé gur chomhoibrigh gach duine acu). Chomh maith leis sin, bhí rochtain acu ar na nithe seo: comhfhreagras ríomhphoist, taifid fótachóipire; taifeadtaí TCI; doiciméadúchán a bhaineann le himscrúduithe; beartais agus nósanna imeachta inmheánacha; agus anailís theicniúil ar aon fhóin phóca a iarradh (ba sheirbhís í sin a chuir gnólacht speisialtóra ar fáil).

Níorbh fhéidir leis an tuarascáil freagracht indibhidiúil as nochtadh ar bith a fháil amach, bíodh sé ar thaobh fhostaí COGS nó ar thaobh páirtí ar bith eile. Is é tátal na tuarascála ná go bhfuil sé doiligh a shainaithint céard atá san fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh dul chun cinn úsáideach a dhéanamh ar chúrsaí, seachas comhoibriú an iriseora i gceist a fháil. Dhiúltaigh sé don chuireadh déanamh amhlaidh.

Is é tuairim Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána go ndearnadh bearta comhréireacha chun féachaint leis na fíricí a dhéanamh amach. Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tátal go bhfuil sé doiligh aon bhearta úsáideacha breise a shainaithint. Sna tosca sin, níl sé beartaithe dul i mbun tuilleadh birt.

Thug Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána aird chuí ar an ábhar sin agus chuir sé roinnt beart i bhfeidhm go hinmheánach chun slándáil na faisnéise i dtaca le gnó COGS a fheabhsú ó tháinig an tsaincheist sin aníos. Tá bearta beartais agus cleachtais agus bearta teicniúla araon i gceist leo.

Chuir COGS cóip den tuarascáil ar aghaidh chuig Frances Fitzgerald, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Níl sé ar intinn ag COGS an tuarascáil a fhoilsiú mar go gcuimsíonn sí sonraí pearsanta nach féidir a chur in eagar go héifeachtach.

CRÍOCH

## AGUISÍN 7: Ráiteas an Choimisiúin tar éis Tuarascáil Guerin a fhoilsiú

PREASEISIÚINT
CHOIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

9 Bealtaine 2014
17.30

**Seasamh COGS maidir le tagairtí do COGS i dTuarascáil Guerin arna foilsiú inniu, an 9 Bealtaine 2014**

Déantar roinnt tagairtí do COGS sa tuarascáil, a foilsíodh inniu, don Taoiseach faoi athbhreithniú ar na bearta a rinne an Garda Síochána i dtaca le líomhaintí áirithe a rinne an Sáirsint Maurice McCabe. Tugtar soiléiriú sna nithe seo a leanas maidir leis na tagairtí sin nuair is cuí.



**Tugtar faoi deara i Rannán 1.8 agus i Rannán 18.1 den tuarascáil gur tugadh chun críche í in éagmais an doiciméadúcháin ó COGS.**

Faoi na Téarmaí Tagartha a tugadh don Uas. Guerin, iarradh air a athbhreithniú a chur i gcrích laistigh de 8 seachtaine "nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin". Dá bhrí sin, cé go rabhamar eolach ar an tréimhse dhocht, ní rabhamar eolach ar spriocdháta socraithe cruinn.

Chuir COGS roinnt mhaith doiciméad i ndiaidh a chéile agus bhí siad ar fáil sular tugadh tuarascáil Guerin chun críche. Tar éis dó an tasc oibre sin a chur i gcrích agus an corp doiciméadúcháin lena chur ar fáil a athbhreithniú, tháinig COGS ar an gcinneadh go mbeadh sé cuí, inár dtuairim, cosaintí áirithe a iarraidh (tugann an tUas. Guerin 'cosaintí cuí' orthu) sula n-eiseofaí an doiciméadúchán chun a chinntiú go gcosnófaí cearta na ndaoine a bhaineann leis na cásanna i gceist.

**I Rannáin 6.82 - 6.130, déantar cur síos ar imscrúduithe nasctha ar leith a rinne COGS.**

Tá cás ar oscailt faoi láthair le COGS, atá faoi réir imscrúdaithe agus athbhreithniú breithiúnach araon, ag gearánach dá dtagraítear sa rannán seo. Is ar an gcúis sin atáimid drogallach sonraí na gcásanna a phlé. Ní mór dúinn ár ndualgas maidir le cearta an ghearánaigh agus na ngardaí i gceist a aithint. Dáiríre, tá an t-ábhar sin ar cheann de na príomhábhair ba mhian linn a phlé leis an Uas. Guerin sular thugamar ár ndoiciméadúchán dó.

**I Rannán 18.2, tugtar faoi deara go raibh an cur chuige a ghlac COGS in imscrúduithe ar cuireadh síos orthu cosúil den chuid is mó leis an gcur chuige a ghlac an Garda Síochána.**

Nílimid cinnte cé acu is cáineadh ar COGS é sin nó nach bhfuil ann ach tuairim. Mar sin de, táimid ag tapú na deise seo chun a shoiléiriú gur minic a dhéantar imscrúduithe COGS ach úsáid a bhaint as na cumhachtaí póilíneachta a chuirtear in iúl le hAcht an Gharda Síochána (2005). Sna cásanna sin, tá ag COGS "gach ceann de na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí a bhronntar agus gach ceann de na dualgais a chuirtear ar aon bhall den Gharda Síochána..." de réir an Achta. Is é sin le rá, tá COGS faoi réir na rialacha sin a bhfuil na gardaí faoina réir agus imscrúduithe á ndéanamh. Mar sin de, ní cúis iontais é go mbeadh an cur chuige "cosúil den chuid is mó".

Tugtar faoi deara sa rannán sin go raibh an moladh araíonachta deiridh "comhsheasmhach le cur chuige an Gharda Síochána i.e. gur cheart do bhaill aonair den Gharda Síochána freagracht a ghlacadh as déanamh a n-imscrúduithe féin".

Anseo, tharraingeoimis aird ar an bhfíric go ndírítear in Acht an Gharda Síochána (2005), an t-acht faoina n-oibrímid, ar iompar ball aonair. Comhaontaíonn COGS go láidir go bhféadfadh sé bheith níos cuí go minic díriú ar shaincheisteanna féideartha laistigh den chóras. Dáiríre, san aighneacht a chuireamar faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart,

Comhionannas agus Cosaint le déanaí lenar moladh leasuithe reachtaíochta, mholamar gur cheart na cuspóirí maidir le maoirseacht póilíní a athdhíriú ionas go leagfaí tuilleadh béime ar shaincheisteanna féideartha beartais nó córasacha a réiteach in ionad díriú simplí ar locht a chur ar dhaoine aonair as gníomhartha ar leith.

Chuige sin, tharraingeoimis aird freisin ar an bhfíric gur leagadh béim sa tuarascáil "go ndearna COGS breithniú soiléir ar an bhféidearthacht go bhféadfadh gurbh fhiú imeachtaí araíonachta a thionscnamh in aghaidh oifigigh mhaoirseachta agus oifigigh bhainistíochta as neamh-chomhlíonadh a ndualgas faoi seach sa cháil sin".

Is trua nach raibh fáil ag fiosrúchán an Uas. Guerin ar dhoiciméid COGS. Baineann ábharthacht áirithe le tuarascáil imscrúdaithe amháin ó COGS a chuireamar faoi bhráid an Gharda Síochána agus ar tagraíodh di i dtuarascáil Guerin. Moladh sa tuarascáil gur cheart imeachtaí araíonachta a thionscnamh in aghaidh roinnt ball den Gharda Síochána. Mar sin féin, leagadh béim shoiléir inti freisin ar fhianaise ar shaincheisteanna córasacha a tháinig chun solais le linn ár n-imscrúdaithe. Tá siad mar seo a leanas:



> *"Leagann na fíricí a cuireadh i láthair sa chás seo béim ar chliseadh i gcumarsáid, in oiliúint agus i dtreo laistigh den Gharda Síochána. Ní thugtar aon orduithe sonracha maidir le cé ba cheart na fiosruithe riachtanacha a dhéanamh chun mionteagasc iomlán a cur chuig an gcúirt i dtaca le stádas cosantóra áirithe. Is é an t-aon chonclúid ná nach mór gurb é an t-oifigeach imscrúdaithe atá freagrach as. An t-aon ordú scríofa amháin lena dtugtar ordú do na Gardaí seiceálacha cúlra a dhéanamh ar chiontóir, tá sé sa Lámhleabhar Teicnící Imscrúdaithe Coire agus baineann sé le fiosruithe réamhagallaimh. Chomh maith leis sin, is gá seiceálacha taifid choiriúil a dhéanamh le haghaidh comhad an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chur isteach.*
>
> *An córas a bhí ann ag an am agus atá sa chleachtas a úsáidtear fós, ligeann sé do bhall den Gharda Síochána nach é an ball i mbun an cháis é cás a chur i láthair na gCúirteanna. Ní gá gurb ionann an láithreoir cúirte agus an láithreoir cúirte ag gach atráth. Baineann an locht féideartha go ligfear faisnéis ríthábhachtach thart nó nach dtarraingeofar aird na gCúirteanna uirthi ag am áirithe leis sin. Ní raibh mé in ann aon orduithe ná treoirlínte a eisíodh chuig láithreoirí cúirte do 2007 a aimsiú.*
>
> *Is cosúil freisin go bhfuil fianaise starógach, faoi mar a thagraítear di i lámhleabhar an Gharda Síochána um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach dar teideal "Objections to Bail" ("Agóidí in aghaidh Bannaí"), nach bhfuil baill eolach ar na hagóidí is féidir leo a ardú mar fhreagairt d'iarratais ar bhannaí (Cuid 3.41). Cé gur beart chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin é lámhleabhar den chineál sin a bheith ann, tá sé soiléir ó na haighneachtaí ar chuir na baill éagsúla iad ar fáil go bhfuil easpa eolais ann fós ar gach ar cheart garda a dhéanamh agus ullmhú á dhéanamh aige ar iarratas ar bhannaí. Ní chuimsíonn an lámhleabhar aon ordú follasach do Gharda seiceálacha ábhartha a dhéanamh nuair atá "cion tromchúiseach", mar a shainítear san Acht um Bannaí, 1997, ina ábhar d'éisteacht bannaí."*

Leagfaimis béim freisin gur chuir COGS, go háirithe le bliain anuas, roinnt moltaí faoi bhráid an Gharda Síochána lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna beartais agus treorach. Chuireamar roinnt mhaith moltaí den chineál sin san áireamh inár dTuarascáil Bhliantúil san áireamh do 2013. Is ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá sí faoi láthair.

**Cuirtear in iúl i Rannán 20.11 nach mór d'eagraíochtaí modh a aimsiú chun éisteacht le glór daoine amhail an Sáirsint McCabe, a leagann béim ar shaincheisteanna agus éagóracha tromchúiseacha féideartha.**

Cáintear roinnt gníomhaireachtaí sa tuarascáil agus luaitear inti go mbaineann an cáineadh sin le COGS de réir cosúlachta. Ba mhaith linn a lua gur bhuail COGS leis an Sáirsint McCabe agus go raibh sé i mbun comhfhreagras leis ina leith sin. Mar sin féin, bhí na cruinnithe agus an comhfhreagras sin ar siúl i gcónaí i gcomhthéacs na fírice go gcuirtear toirmeasc sainráite ar COGS le hAcht an Gharda Síochána (2005) gearáin a fháil ó bhaill ar seirbhís den Gharda Síochána.

CRÍOCH

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: (01) 871 6700
Íosghlao: 1890 600 800
Facs: (01) 814 7026
Ríomhphost: info@gsoc.ie
Suíomh Gréasáin: www.gardaombudsman.ie

Is féidir leagan Béarla den tuarascáil seo a fháil ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ach é a iarraidh.